



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM THAILTE MÓNA Tuairisc ar Dhul Chun Cinn



Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise
um Thailte Móna

Ábhar

Gluais na nGiorrúchán	0
Réamhrá.....	1
Léargas ar Dhul Chun Cinn.....	4
Léargas ar an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna	6
An tEolas is déanaí faoi na Gníomhartha.....	8
Úsáidí Reatha Gníomhartha 1-12.....	8
Tailte Móna and Athrú Aeráide Gníomhartha 13-14.....	20
Suíomhanna Tailte Móna faoi Chosaint Gníomhartha 15-18	23
Tailte Móna lasmuigh de shuíomhanna faoi chosaint Gníomhartha 19-24.....	28
Caighdeán Uisce, Creat-Treoir Uisce agus Tuilte Gníomhartha 25-26.....	32
Feasacht Phoiblí & Oideachas Gníomh 27.....	35
Turasóireacht & Usáid Áineasa Gníomhartha 28-30	37
Dumpáil Neamhúdairithe Gníomh 31	42
Taighde Gníomh 32	43
Aguisíní	45

Gluais na nGiarrúchán

AE	An tAontas Eorpach
BnM	Bord na Móna
BSL	Bord Soláthair an Leictreachais
CCTMÉ	Comhairle Caomhnaithe Thailte Móna na hÉireann
GCC	Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
GFSTM	Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna
LCS	Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
LFCS	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
LON	Limistéar Oidhreachta Nádurtha
MC	Measúnacht Chuí
MTT	Measúnú Tionchair Timpeallachta
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
RCGAC	An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
RCOG	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
RTBM	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
RTPRA	An Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil
SNTM	An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna
SPNF	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta)

Réamhrá

Doiciméad suntasach is ea an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna, a foilsíodh in 2016. Leagtar amach inti liosta cuimsitheach gníomhartha atá riachtanach chun a áirithiú go ndéantar tailte móna na hÉireann a chaomhnú agus a chothú agus go mbeidh siad mar acmhainní beo laistigh de na pobail a bhfuil conaí orthu in aice leo. Chun a áirithiú go gcuirtear na gníomhartha seo a chun feidhme, bhunaigh an tAire a bhfuil freagracht uirthi ina leith, Heather Humphreys T.D, grúpa tras-rannach chun faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme, Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna (GFSTM). Mar chuid den sainchúram atá air, ní mór don ghrúpa tuarascáil ar dhul chun cinn a dhéantar a chur i láthair ar bhonn bliantúil, agus áirithítear dá réir gur doiciméad beo í an Straitéis a bhfuil torthaí cearta á seachadadh aici. Mar chathaoirleach ar an ngrúpa seo, is cúis mhór áthais dom, mar sin, an chéad thuarascáil seo ar dhul chun cinn ó foilsíodh an Straitéis a chur i láthair

Tugann an grúpa forfheidhmithe na Ranna Tithíocha, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; Talmhaíochta, Bia agus Mara; Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; agus Oifig na nOibreacha Poiblí mar aon leis an nGníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil, Bord na Móna agus Coillte le chéile. Tá freagracht shuntasach ar gach ceann díobh seo a áirithiú go ndéantar ár dtailte móna, a bhfuil cónaí ar roinnt de na speicis agus gnáthóga is neamhchoitianta in Éirinn iontu, a chosaint ar bhealach struchtúrtha agus go gcinnteofar caomhnú fadtéarmach na dtailte móna sin.

Sonraítear sa tuarascáil an obair atá déanta ag gach Roinn, gníomhaireacht agus comhlacht fo-stáit i dtaca leis na gníomhartha a sannadh dóibh. Is é seo tús próisis a neartóidh ar bhonn bliantúil inbhuanaitheacht na dtailte móna i dtéarmaí an mhéid a chuireann siad le caighdeán an chomhshaoil agus le cosaint speiceas agus gnáthóg neamhchoitianta. Beidh sé ag teacht freisin leis an obair atá ar bun ag tionscnamh LIFE an AE atá ceaptha chun athchóiriú iomlán a dhéanamh ar 12 de na portaigh atá faoi chosaint faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga.

Is cúis ar leith áthais dom go bhfuil gach ceann de na Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí fo-stáit tar éis tabhairt faoi na gníomhartha ar bhealach a chinntigh go bhfuil dul chun cinn ceart á dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcuaspóirí atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna. Cothaíonn sé nasc freisin idir na gníomhartha atá á ndéanamh ar bhonn áitiúil sa chlár forbartha tuaithe 2014 go 2020 agus an obair luachmhar atá déanta ag Bord na Móna, Coillte agus dreamanna eile i dtaca le raon staidéar atá ceaptha chun forbairt na dtailte móna a threisiú. Beidh méid suntasach le foghlaim ó na staidéir seo freisin i dtéarmaí oidhreacht shaibhir talún móna a chosaint mar aon le léargas a thabhairt ar an ról a bheidh acu agus dúshlán an athraithe aeráide á bhfreagairt.

Cuirfidh an obair seo bonn faoi struchtúr agus faoi riar an Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 freisin. Cuirfidh sé bonn eolais faoi struchtúr na rialachán is gá chun baint móna ar mhór scála a rialú. Tá go leor eintiteas eile tiomanta don straitéis seo i dtaca leis an GCC, Bord na Móna agus Coillte agus tá a dtiomantas léirithe acu sa tuarascáil seo tríd na gníomhartha atá leagtha amach ann a sheachadadh.

Gan amhras, níl deireadh leis an obair go fóill. Ní mór tabhairt faoi go leor den obair is gá chun na tailte móna a chosaint ar bhonn bliantúil. Mar sin, beidh ar an grúpa forfheidhmithe ag teacht le chéile go rialta gach bliain chun a áirithiú go leanfar leis an bhfaireachán ar sheachadadh ghníomhartha na straitéise amach anseo. Is cuid bunriachtanach de chur chun feidhme na Treorach um Ghnáthóga an obair seo, gan amhras. Is cuid bunriachtanach freisin d'oidhreacht na hÉireann é agus de chaomhnú uathúlacht ár dtailte móna agus na gcineálacha éagsúla speiceas neamhchoitianta atá le fáil iontu.

Fáiltím roimh thiomantas an Aire Humphreys don obair seo agus gabhaim buíochas léi as an tacaíocht atá tugtha aici le roinnt blianta anuas. Táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar leis an Aire Josepha Madigan ar na hábhair seo.

Ina theannta sin, táim fóirbhúíoch do gach duine de chomhaltaí an ghrúpa fhorfheidhmithe, a Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí fo-stáit faoi seach, as an obair atá déanta acu. Freisin, thar ceann an ghrúpa fhorfheidhmithe, gabhaim buíochas ar leith do rúnaíocht na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta as an tuarascáil seo a chur le chéile.

A handwritten signature in black ink that reads "Seamus Boland". The signature is written in a cursive style with a large initial 'S'.

Seamus Boland

Cathaoirleach

Léargas ar Dhul Chun Cinn

Tugtar léargas sa chéad thuarascáil seo ar an obair ar tugadh faoi ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna agus an tuairisc a thug gach Roinn, gníomhaireacht agus comhlacht fo-stáit inti maidir leis an gcaoi agus an am a gcuirfear na gníomhartha a bhaineann leo i gcrích. Tá dul chun cinn suntasach i dtaobh na ngníomhartha déanta i go leor réimsí beartas agus leagtar béim ar chuid acu sin anseo thíos:

- Cuireadh gníomhartha saindirithe tacaíochta, a chuireann bonn faoi úsáid inbhuanaithe tailte móna, mar chuid de na téamaí tiomanta a bhfuiltear le tabhairt futhu le scéimeanna ar bhonn áitiúil faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020.
- Tá go leor staidéar ar bun ar shuíomhanna tailte móna maidir leis an tionchar atá ag tailte móna ar an athrú aeráide, lena n-áirítear staidéar atá faoi stiúir Choláiste na Tríonóide maidir le ceapadh carbóin ag LCS (Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta) ag Portach Chlóirthigh.
- Tá an GCC tar éis líon mór tionscnamh staidéir a mhaoiniú, ar tionscnaimh iad atá dírithe ar thailte móna agus a ndéantar scrúdú iontu ar thopaicí éagsúla tosaíochta laistigh den réimse ábhair seo agus tá infheistíocht shuntasach taighde déanta chun an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna agus ar réitigh fhéideartha a fheabhsú, agus acmhainneacht laistigh den phobal taighde in Éirinn a mhéadú ag an am céanna. Tá breis agus €1.1 milliún infheistithe ag an GCC i dtaighde a bhaineann le tailte móna i dtrí tionscnamh a bronnadh in 2015 agus 2016.
- Leagtar amach sa Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 a foilsíodh i Nollaig 2017, an cur chuige i dtaca le caomhnú, riar agus athchóiriú LCS na bportach ardaithe amach anseo mar aon leis an mbealach is ceart aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mbainteoírí móna.
- Tá tosaíocht á tabhairt do dhréacht-rialacháin chun córas rialála nua a bhunú i dtaca le baint móna ar scála mór d'fhonn leagan deiridh a fhoilsiú.

- Rinneadh scrúdú ar áiseanna reatha agus áiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann do chuairoteoirí mar phointe tosaigh sa phlé i dtaca le Páirc Náisiúnta Tailte Móra a bhunú. De thoradh an scrúdaithe sin, léiríodh go bhfuil cúig shuíomh déag Tailte Móra ann, a bhfuil a bhformór faoi úinéireacht phoiblí agus áiseanna do chuairoteoirí iontu.
- Maidir leis an earnáil giniúna cumhachta, tá Bord na Móra tar éis an leibhéal comhadhaint a mhéadú ag a stáisiún cumhachta in Éadan Doire thar an tréimhse tuarascála seo. Ina theannta sin, tá sé ag obair i ndlúthchomhar leis an BSL chun comhadhaint a thionscnamh ag dhá stáisiún móra an BSL ó 2019 ar aghaidh.
- Tá cáipéisí éagsúla foilsithe ag an tSeirbhís Foraoise sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhaineann leis an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra agus áirítear iontu sin Cinéalacha Talún le haghaidh Foraoisithe (Márta 2016); Na Riachtanais Timpeallachta le haghaidh Foraoisithe (Nollaig 2016) agus an doiciméad polasaí maidir le Leagan Crann & Athfhoraoisiú (Bealtaine 2017), ina leagtar amach na riachtanais i dtaca le foraoisiú, leagan crann agus athfhoraoisiú.
- Rinneadh measúnú ar an bhféidearthach go mbainfí úsáid as portaigh Bhord na Móra le haghaidh storála tuilte mar chuid den Staidéar um Measúnú agus Bainistiú Priacal Tuile Abhantraí (SMBPTA) (www.cfram.ie) ar an tSionainn. Ríomhadh gur athrú gan suim a bheidh ag an gcóir stórála a d'fhéadfadh bheith ar fáil ar bhuaicleibhéil uisce do na tarluithe tuilte 2 bhliain, 10 mbliana agus 100 bliain. Is éard is cúis leis seo ná nach fiú trácht ar mhéid na córa storála atá ar fáil i gcomparáid le toirt an tsrutha in Abhainn na Sionainne. Dá bhrí sin, fuarthas amach go raibh an beart bainistíochta riosca i gcás tuilte sin domharthana go teicniúil toisc gur thionchar gan suim a bhí aige ar bhuaicleibhéil uisce i ngach tarlú tuile.

Léargas ar an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra

Is é físráiteas na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móra ná “*creatlach fhadtéarmach a sholáthar ónar féidir gach talamh móra laistigh den Stát a bhainistiú go freagrach d’fhonn a rannchur sóisialta, comhshaoil agus eacnamúil do leas na glúine seo agus na nglúnta amach romhain a bharrfheabhsú*”. Leagtar amach inti cur chuige tras-rialtais i dtaca le bainistiú saincheistanna a bhaineann le tailte móra, lena n-áirítear comhlíonadh dhlí comhshaoil an AE, athrú aeráide, foraoiseacht, rialú tuilte, fuinneamh, caomhantas nádúir, pleanáil, agus talmhaíocht. Forbraíodh an Straitéis i gcomhpháirtíocht idir Ranna Rialtais/comhlachtaí Stáit agus príomhpháirtithe leasmhara tríd an gComhairle Tailte Móra.

Leagtar béim inti ar 25 príomhphrionsabal agus tugtar an tiomantas inti go ndéanfar 32 ghníomh thar earnálacha agus téamaí éagsúla, lena n-áirítear i measc nithe eile, Taighde, Turasóireacht, Talmhaíocht, Foraoiseacht, Caomhantas, Athchóiriú, Baint Móra, Fuinneamh, Caighdeán Uisce agus Athrú Aeráide.

Is achar ama 10 mbliana atá ag an Straitéis agus cuirfear faoi athbhreithniú lár-shaolré í in 2020.

Ról na Comhairle Tailte Móra

Leanfaidh an Chomhairle Tailte Móra sa ról tábhachtach atá aici comhairle a chur ar an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le saincheistanna a bhaineann le tailte móra agus beidh ról lárnach aici i go leor de na gníomhartha a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra.

Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móra

I gcomhréir le moladh a bhain leis an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móra, bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móra (GFSTM), a chabhraigh an dlaoi mhullaigh a chur ar an Straitéis, atá ag déanamh maoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéise ó shin agus a thuairisceoidh don Rialtas ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha agus na bprionsabal sa Straitéis.

Is Grúpa tras-Rannach é a bhfuil sé mar chuspóir aige a áirithiú go mbeidh cur chuige uile-Rialtais ann i dtaca le saincheistanna a bhaineann le tailte móna agus cuireann sé le hobair na Comhairle Tailte Móna. Tá cathaoirleach neamhspleách ar an nGrúpa, ar cathaoirleach neamhspleách ar an gComhairle Tailte Móna freisin é/í agus ar féidir leis/léi seisiúin chomhpháirteacha den Chomhairle agus den Ghrúpa a thionól chun cumarsáid agus malartú faisnéise a éascú.

Seo a leanas comhaltaí an Ghrúpa:

- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- An Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Oifig na nOibreacha Poiblí
- An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil
- Bord na Móna
- Coillte

Tá an Grúpa tar éis ceithre chruinniú a bheith aige ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna.

An tEolas is déanaí faoi na Gníomhartha

Úsáidí Reatha Gníomhartha 1-12

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G1 Leagtar síos sna ceangaltais reatha traschomhlíonta na deachleachtas thalmhaíochta agus chomhshaoil (DCTCanna) agus na ceanglais bhainistíochta reachtúla (CBRanna) is gá a leanúint chun bainistíocht inbhuanaithe na n-ithreacha uile, lena n-áirítear ceantair tailte móna, a chinntiú. Leasaíodh na forálacha seo le déanaí faoin rialacháin athbhreithnithe an Chomhbheartais Talmhaíochta agus cuirfidh siad cosaintí leanúnacha ar fáil i dtaca le cosaint talún.	Ceannaireacht: RTBM Eile: RCOG	Ar bhonn leanúnach

Feidhmíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) réimse Scéimeanna faoin gComhbheartas Talmhaíochta (faoi Cholún I agus II araon). Mar chuid de na coinníollacha cáilithe a bhaineann leis na Scéimeanna sin, ní mór d'fheirmeoirí a ngabháltas a bhainistiú go caighdeán comhshaoil áirithe agus déantar rialú air seo faoi thras-chomhlíonadh. Rinneadh athbhreithniú ar na caighdeán seo, atá comhdhéanta de Dhálaí Maithe Talmhaíochta agus Comhshaoil agus Riachtanais Reachtúla Bainistíochta, faoin athbhreithniú is déanaí de chuid an Chomhbheartais Talmhaíochta ó 2015 i leith agus cuireadh i bhfeidhm iad. Baineann na caighdeán seo le caighdeán uisce, ithir agus stoc carbóin, bithéagsúlacht agus bainistíocht tírdhreacha, agus leagann siad síos dálaí íosta chun caighdeán uisce, creimeadh, agus stoic charbóin a chosaint agus chun limistéir faoi chosaint atá faoi bhainistíocht talamhaíochta a chur faoi choimirce. Féadfar smachtbhannaí cuí a leagan ar fheirmeoirí a dhéanann faillí i gcomhlíonadh na gcaighdeán íosta sin.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
<p>G2 Déanfar bainistiú ar thailte coimíneachta, faoi scéimeanna na RTBM, ionas go gcinnteofar réimis inír iomhchuí, inbhuanaithe i dtaca le hithreacha móna sna hardtailte.</p>	<p>Ceannaireacht: RTBM</p> <p>Eile: RCOG</p>	<p>Deireadh 2017.</p>

Is coimíneachtaí iad thart ar 422,000 heictéar d’achar talún na hÉireann. Caithear cloí leis an tras-chomhlíonadh reatha chun bainistiú inbhuanaithe ithreacha uile na hÉireann a chinntiú, lena n-áirítear coimíneachtaí, ar bratphortaigh iad go leor díobh. Tugtar tosaíocht d’fheirmeoirí a bhfuil tailte coimíneachta ina ngabháltais acu faoin Scéim nua Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin (GLAS) ar choinníoll go dtiomnaíonn siad páirt a ghlacadh i bPlean Bainistíochta Coimíneachta (CMP) arna ullmhú ag comhairleoir oilte coimíneachta feirme. Leagfar síos sna pleananna bainistíochta coimíneachta seo na leibhéil íosta agus uasta stocála d’fheirmeoirí aonair agus do choimíneachtaí iomlána mar aon le haon choinníollacha breise a chuirfidh bail eiceolaíoch níos inbhuanaithe ar choimíneacht, mar shampla, dó rialaithe, rialuithe chun dumpáil a laghdú etc. Forbraíodh córas pleanála ar líne chun táirgeadh na bPleananna Bainistíochta Coimíneachta seo a éascú.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G3 Maidir le gníomhartha saindirithe tacaíochta a bheidh mar bhonn faoi úsáid inbhuanaithe talún feirme, agus leochaileachtaí sainiúla tailte móna, ardtailte agus limistéir Natura á gcur san áireamh iontu, breathnófar iad agus cuimseofar iad, más iomchuí, sa chéad Scéim Agra-Chomhshaoil eile de chuid na hÉireann, faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (CFT).</p>	<p>Ceannaireacht: RTBM</p> <p>Eile: RCOG</p>	<p>Deireadh 2017 ar aghaidh.</p>

I mí na Nollag 2016, sheol RTBM glao oscailte ar thograí ar thionscadail phíolótacha chomhoibríocha faoi stiúir áitiúil faoin gCiste Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe. Beidh tionscadail a fhorbraítear faoin nglao oscailte seo mar chuid de thionscnamh nua ‘Faoi Stiúir Áitiúil’ de chuid na Roinne, faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020. Tá struchtúr na tacaíochta a thugfar do hiarratais an ghlaos oscailte sin bunaithe ar chiste iomaíoch a bhfuil dhá shruth ann. Tá an chéad shruth dírithe ar théamaí amhail inmharthanacht feirme, feidhmíocht eacnamaíoch, bainistiú inbhuanaithe foraoise, agus teicneolachtaí nuálacha. Tá an dara sruth dírithe ar dhúshláin a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil, bithéagsúlachta agus athraithe aeráide. Lorgaíodh tograí ar thionscadail arb é athchóiriú ardtailte móna a gcuspóir, go háirithe. D’éirigh le réimse tionscadal faoi théama na dtailte móna ag an gcéad bhabhta agus tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar na grúpaí sin ar éirigh leo agus beidh fógra ann maidir leis na tionscadail rathúla faoi dheireadh 2017.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G4 Bunófar cód dea-chleachtais i ndáil le húsáid doiteáin mar uirlis bainistíochta talún chun dochar de thaisme a sheachaint agus chun díobháil don chomhshaol a theorannú.</p>	<p>Ceannaireacht: RTBM</p> <p>Eile: RCOG</p>	<p>Críochnaithe.</p>

Féadfaidh tailte móna a bheith soghabhálach i leith gníomhaíochta falscaí, agus féadfaidh iarmhairtí dochracha agus fadtéarmacha a bheith ag dóiteán, go háirithe i suíomhanna leochaileacha amhail suíomhanna ainmnithe Natura agus suíomhanna eile a bhfuil ardluach caomhantais ag baint leo. Féadfaidh dó neamhrialaithe talún agus falscailte gnáthóga den chineál sin agus an fiadhúlra a bhíonn ag brath orthu, mar aon le beatha agus maoiné daoine, a chur i mbaol. Tá cód dea-chleachtais maidir le dó rialaithe forbartha ag an RTBM (Seirbhís Foraoise) agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an RTBM (féach www.agriculture.gov.ie/forests-service/firemanagement/). Tá sé beartaithe go n-úsáidfear an cód mar uirlis bainistíochta talún a chuirfidh le dea-bhainistiú iní, chun dochar de thaisme a sheachaint agus chun díobháil don chomhshaol ó fhalscailte a theorannú. Déantar rialú ar an ngníomhaíocht seo faoi Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair.

Tugadh athbhreithniú ar Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra chun críche in 2015 agus machnamh á dhéanamh ar dhó áirithe a cheadú i mí an Mhárta faoi rialacháin. Breathnófar na treoirlínte a chuirfidh bonn faoi aon dhó ceadaithe mar chuid d'fhorbairt na rialachán. Tá an Bille Oidhreachta, a thabharfaidh éifeacht don athbhreithniú a rinneadh ar alt 40, á chur ar aghaidh tríd na céimeanna riachtanacha i dTithe an Oireachtais.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G5 Rachfar i mbun athbhreithniú ar úsáid móna sa tionscal gairneoireachta.	RTBM, RCGAC & RCOG	Tús le cur leis in 2018.

Bunófar grúpa oibre in 2018, faoi chathaoirleacht an RCOG, chun dul i mbun athbhreithniú ar úsáid móna sa tionscal gairneoireachta agus ullmhófar páipéar beartais le haghaidh comhairliúchán poiblí. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an páipéar beartais le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2018.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G6 Coinneoidh na cuideachtaí fuinnimh Stáit orthu ag saothrú le hearnáil na bithmhaise i leith comhadhaint fhéideartha sa ghearrthearma i stáisiúin móna faoi úinéireacht an Stáit. Is tríd an scéim REFIT a thacófar leis na tionscadail ghiniúna cumhachta bithmhaise.	Bord na Móna, BSL & RCGAC	Nollaig 2019.

Maidir leis an earnáil ghiniúna cumhachta, tá Bord na Móna tar éis leibhéal na comhadhainte a mhéadú ag a stáisiún cumhachta in Éadan Doire thar an tréimhse tuarascála seo (2016-2017). Ina theannta sin, tá sé ag obair i ndlúthchomhar leis an BSL chun an chomhadhaint a thionscnamh ag dhá stáisiún móna an BSL ó 2019 ar aghaidh. Tá slabhraí soláthair bithmhaise á bhforbairt ag Bord na Móna don soláthar dúchasach agus d'easpórtálacha bithmhaise araon. Ina theannta sin, cuireadh tús le roinnt trialacha fáis chun measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le fás barr bithmhaise ar thailte laghphortaigh. Tá tionscadal BogFor (foraoiseacht ar laghphortaigh) ar bun, faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G7 Tionscnóidh na húdaráis ábhartha, i gcomhar le páirtithe leasmhara, treoir agus critéir do shainaithint na dtailte móna atá foraoisithe i láthair na huaire agus dá mbainistiú amach anseo, i gcomhréir le haidhmeanna na straitéise. Soláthróidh siad treoir shoiléir freisin i leith foraoisiú a dhéanfar amach anseo ar ithreacha móna.</p>	<p>RTBM & Coillte</p>	<p>2017 agus 2018.</p>

Tá sainaitheint agus mapáil na dtailte móna ar eastáit Choillte críochnaithe go leibhéal rannáin (ard-ghráinneacht) Leagtar amach forálacha i leith athfhoraoisiú sa doiciméad Polasaí maidir le Leagan Crann agus Athfhoraoisiú de chuid na Seirbhíse Foraoiseachta sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. I gcúinsí áirithe, féadfaidh sé nach réiteodh crainn agus foraoisí le caomhnú na ngnáthóg agus speiceas faoi chosaint atá leagtha amach sna hlarrscríbhinní i suíomh áirithe agus/nó ar leibhéal náisiúnta, agus féadfar machnamh a dhéanamh ar dhífhoraoisiú. Cuireadh an cur chuige sin i bhfeidhm i gcomhthéacs tionscadail LIFE an AE a bhí dírithe ar athchóiriú na bportach. Tá doiciméid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le Cineálacha Talún le haghaidh Athfhoraoisithe agus Riachtanais Chomhshaoil le haghaidh Athfhoraoisithe ábhartha don athfhoraoisiú ar ithreacha móna freisin.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
<p>G8 Déanfar bainistiú reatha na limistéar tailte móna faoi úinéireacht an Stáit a bhreithmheas, agus bhreithneofar roghanna bainistíochta malartacha a bheidh sé mar aidhm acu seachadadh sheirbhísí éiceachórais uile na dtailte móna feidhmeacha a mhéadú.</p>	<p>Úinéirí ábhartha uile tailte Stáit</p>	<p>2016-2020 agus ina dhiaidh sin.</p>

Tabharfar faoi chlár cuimsitheach athchóirithe ar limistéir faoi chosaint speisialta (LCSanna) agus limistéir oidhreachta nádúrtha (LON) na bportach ardaithe trí chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 (www.npws.ie). Tá Pleananna Athchóirithe ullmhaithe le haghaidh gach ceann de 53 LCS na bportach ardaithe agus tugadh conradh i Samhain 2017 chun tús a chur le hullmhúchán ar phleananna athchóirithe do na LCSanna. I dtús báire, díreofar na hoibríochá athchóirithe ar thailte faoi úinéireacht an Stáit agus tá sé beartaithe go gcuirfead tús le hoibríochá athchóirithe i suas le 9 gcinn de shuíomhanna LCS/LON na bportach ardaithe in 2018. Tá tionscadal LIFE an AE um Phortaigh Ardaithe faoi lán seoil (ó 2016 i leith) agus tá pleananna ar bun chun tús a chur le hoibríochá athchóirithe ar 12 cheann de LCS na bportach ardaithe, a bhfuil 60% dá dtailte faoi úinéireacht an Stáit.

Faoi Thionscadal um Athcóiriú Portach Bhord na Móna tá athchóiriú déanta ar breis agus 1000 ha go dtí seo. Críochnaíodh roinnt tionscadal athshlánaithe le bliain anuas lena n-áirítear athchóiriú portach ag Portach Cloonboley agus ar fhuílleach phortach Bhreaclainne. Cabhróidh an obair seo le hÉirinn a tiomantais a chomhlíonadh i dtaca le gnáthóga portach ardaithe a chaomhnú faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga.

Déanfar athshlánú san fhadtéarma ar thailte uile Bhord na Móna a úsáidtear le haghaidh táirgeadh móna i gcomhréir le dréachtphleananna a soláthraíodh don GCC. Tá an clár seo á chur chun feidhme ar bhonn leanúnach agus rinneadh athshlánú ar thart ar 15000 ha go dtí seo. Tá réimse leathan iarúsáidí comhshaoil,

tráchtála agus sóisialta forbartha cheana féin, lena n-áirítear úsáidí foraoiseachta, forbartha coillearnaí, féaraigh, conláiste, bithéagsúlachta agus tráchtála (m.sh. Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí, feirmeacha gaoithe etc.) Leanfar den chothromaíocht idir luach tráchtála, sóisialta agus comhshaoil na laghortach san iarúsáid amach anseo agus uasmhéadófar é.

Leagtar amach sa Phlean Gníomh um Bithéagsúlacht 2016-2021 de chuid Bhord na Móna cuspóirí straitéiseacha agus gníomhartha chun méadú a dhéanamh ar sheachadadh sheirbhísí éiceachórais uile na dtailte móna a fhéidhmíonn go nádúrtha trí athshlánú. Féadfar athshlánú (agus seachadadh seirbhísí éiceachórais) a dhéanamh i éineacht le forbairt iarúsáide tráchtála (m.sh. Feirm ghaoithe Dhroim Cáithe).

Tá athchóiriú déanta ag Coillte ar 3000 heictéar de ghnáthóg portaigh ardaithe agus bratphortaigh ar a eastáit i gcomhpháirtíocht le clár Nature LIFE an AE. Tá mapáil tugtha chun críche ag Coillte go leibhéal rannáin (ardghráinneacht). Breathnófar roghanna bainistíochta a bheidh dírithe ar sheachadadh sheirbhísí éiceachórais na dtailte móna uile laistigh de chomhthéacs an Achta Foraoiseachta 2014 agus na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G9 Rachfar i mbun scrúdú ar thailte faoi úinéireacht phoiblí agus laghortaigh faoi úinéireacht phríobháideach sa tsúil úsáidí iomchuí a shainaithint, d'aidhm a gcumas a dhúshaothrú chun rannchur le saibhreas comhshaoil, eiceolaíochta agus eacnamúil na hÉireann le béim faoi leith ar mhaolú na gcaillteanas carbóin.</p>	<p>Ceannaireacht: RCOG</p> <p>Eile: Úinéirí thailte ábhartha stáit</p>	<p>Tús curtha leis in 2017 agus tabharfar faoi ar bhonn céimneach sna blianta amach romhainn.</p>

Mar chuid de thiomantas na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) chun bearta athchóirithe a chur chun feidhme laistigh den líonra de shuíomhanna sainithe portach ardaithe (LCS/LON), is ar dhíbhinní éiceolaíochta, comhshaoil agus

carbóin a dhíreofar. Déanfar scrúdú ar luach áise na suíomhanna uile, áfach, agus, más féidir, forbrófar iad chun rochtain do chuairteoirí a chur chun cinn (go háirithe áiseanna siúil) leis an aidhm go cuirfear turasóireacht áitiúil/réigiúnach chun cinn, rud a mbeidh seachthairbhí eacnamaíocha coimhdeacha ag baint leis.

Leagtar síos sa Chreat Straitéiseach d'Úsáid na dTailte Móna sa Amach Anseo de chuid Bhord na Móna na príomhthosca agus príomhcheisteanna a thugtar san áireamh i gcinntí a dhéantar i dtaobh an tsocmhainn thábhachtach náisiúnta seo. Tá athbhreithniú ar bun faoi láthair ar an gCreat Straitéiseach leis an aidhm go mbeidh sé críochnaithe go luath sa bhliain 2018. Leagtar amach gníomh ar leith sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2016-2021 de chuid Bhord na Móna chun athbhreithniú a dhéanamh ar earraí agus seirbhísí éiceachórais le haghaidh tailte uile Bhord na Móna. Meastar go ndéanfar dul chun cinn sa mhéid sin in 2017 nuair a fhoilseofar athbhreithniú náisiúnta ar earraí agus seirbhísí éiceachórais.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G10 Taiscéalfar teicnící úra do tháirgeadh barr, ar nós an riacshaothraithe (go háirithe saothrú an Sfagnaim).	Bord na Móna	Tá clár Trialacha Fáis de chuid Bhord na Móna i bhfeidhm agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2022.

Cuireadh tús le roinnt trialacha nua fáis in 2016 chun measúnú a dhéanamh arís ar an bpoitéinseal a bhaineann le fás bithmhaise ar thailte laghphortaigh. Ina theannta sin, chuir Foireann Éiceolaíochta Bhord na Móna triail ionaclaithe Sfagnaim nua ar bun in 2017. Déanfar maoirseoireacht ar fhorbairt agus ar thorthaí na trialach seo thar na 5 bliana amach romhainn.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G11 Breithneofar inmharthanacht úsáid na dtailte móna is laghortach do bhearta maolaithe tuilte mar chuid de chlár náisiúnta Pleananna um Bainistiú Priacail Tuilte á rolladh amach faoin Treoir maidir le Tuilte.</p>	<p>Ceannaireacht: OOP</p> <p>Eile: Coillte & Bord na Móna</p>	<p>Críochnaithe.</p>

Rinneadh measúnú ar an bhféidearthach go mbainfí úsáid as portaigh Bhord na Móna le haghaidh storáil tuilte mar chuid den Staidéar um Measúnú agus Bainistiú Priacail Tuile Abhantraí (SMBPTA) (www.cfram.ie) ar an tSionainn. Ríomhadh gur athrú gan suim a bheidh ag an gcóir stórála a d'fhéadfadh bheith ar fáil ar bhuaicleibhéil uisce do na tarluithe tuilte 2 bhliain, 10 mbliana agus 100 bliain. Is éard is cúis leis seo ná nach fiú trácht ar mhéid na córa storála atá ar fáil i gcomparáid le toirt an tsrutha in Abhainn na Sionainne. Dá bhrí sin, fuarthas amach go raibh an beart bainistíochta riosca i gcás tuilte domharthana go teicniúil toisc gur tionchar gan suim a bhí aige ar bhuaicleibhéil uisce i ngach tarlú tuile.

Is le Bord na Móna thart ar 2% de na tailte in Abhantrach na Sionainne. Tá go leor de na tailte seo ríthábhachtach don soláthar móna do na stáisiúin chumhachta ag Béal Átha Liag agus Droichead na Sionainne. Tá dualgas ar Bhord na Móna a dheimhniú go mbíonn soláthar sna stáisiúin sin. Ina theannta sin, cuirtear fostaíocht shuntasach dhíreach agus indíreach ar fáil chun an mhóin a theastaíonn a chur ar fáil - sa bhreis ar 350 post i mBord na Móna amháin.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G12 Forbrófar saothar Bhord na Móna, Choillte agus Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann i bhforbairt todhchaí shaibhir óthaobh na héiceolaíochta de do lagphortaigh agus do phortaigh iarfhoraoisithe. Féadann limistéir dá leithéidí mealltachaí nua turasóireacht agus fóillíochta a thabhairt do lár na tíre agus don iarthar.</p>	<p>Ceannaireacht: Bord na Móna</p> <p>Eile: Coillte</p>	<p>Bunaíodh Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí.</p> <p>Is dealraitheach go bhforbrófar tionscadail áineasa eile thar na deich mbliana atá romhainn de réir mar a thagann níos mó tailte lagphortaigh ar fáil.</p>

Tá athchóiriú déanta ag Coillte ar 3000 heictéar de ghnáthóg portaigh ardaithe agus bratphortaigh ar a eastáit i gcomhpháirtíocht le clár LIFE Nature an AE. Chomh maith leis sin, tá bainistiú á dhéanamh ar go leor de ghnáthóga neamhfhoraoisithe tailte móna Choillte mar limistéir bhithéagsúlachta faoi láthair agus is é an príomhaidhm bainistíochta atá leis an méid sin ná an dúlra a chaomhnú. Breathnóidh Coillte roghanna bainistíochta a mbeidh sé mar aidhm acu seachadadh sheirbhísí éiceachórais uile na dtailte móna a mhéadú laistigh de chomhthéacs an Achta Foraoiseachta 2014 agus na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna.

Is eiseamláir aitheanta den scoth é Páirc Taiscéalaíochta Loch na Buaráí (PTLB) den acmhainneacht atá ann forbairt a dhéanamh ar shuíomhanna a bhfuil luach bithéagsúlachta acu mar aon le luach níos leithne sa mhéid a bhaineann le conláiste agus turasóireacht. Tá fás suntasach tagtha ar líon na dturasóirí go PTLB le blianta beaga anuas agus sháraigh sé 100,000 in 2016. Tá Bord na Móna rannpháirteach i dtionscadail straitéiseacha amhail an Plean Náisiúnta Aeraíochta, tionscadal Loch Rí agus Lár na Sionainne agus tionscadal Cheann Scríbe Rothaíochta Lár na Tíre agus tacaíonn siad le hobair Fhóram Turasóireachta Uíbh Fhailí agus go leor tionscadal eile i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla. Rinneadh nuashonrú ar Phean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna in 2016 agus leagtar síos anois ann cuspóirí agus gníomhartha sonracha don tréimhse 2016-2021 agus tá siad sin á mbrú chun cinn faoi láthair. Ceann de na príomhchuspóirí a leagtar síos sa phlean

ná forbairt na bithéagsúlachta ar lagphortaigh a fheabhsú in éineacht le hiarúsáidí éagsúla agus forbairt tráchtála.

Tá Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann rannpháirteach i ndá thionscadal:

1. Bogach Phortach Lodge i gCo. Chill Dara is teideal don chéad cheann atá ar bun i gcomhar le Bord na Móna. Tá an Chomhairle ag obair i gcomhar le Bord na Móna chun athfhliuchadh a dhéanamh ar limistéar 35ha de lagphortach taobh le hanaclann portaigh ardaithe atá faoina húinéireacht agus a ndéanann sí bainistiú uirthi ar a dtugtar Portach Lodge. Tá an dá shuíomh suite sa phortach cáiliúil, Móin Alúine. Cuireadh tús leis an bpróiseas athfhliuchta i Samhain 2016. Bhí an CCPÉ rannpháirteach le Bord na Móna freisin i gclár trialach ar an suíomh maidir le Sfagnam a thabhairt ar ais ar shil-leagain aigéadacha mhóna atá fágtha ar an suíomh trí úsáid BeadaMoss, BeadGel agus teicneolaíochta pluga planda Sfagnaim. Níl an suíomh seo ar oscailt don phobal i gcoitinne i láthair na huaire.

2. Baineann an dara tionscadal le bainistiú Phortach na Loilí Móire Thiar (4ha) i gCo. Chill Dara, iar-lagphortach a ndearnadh athghineadh air le gnáthóga féaraigh fhliuch agus coillearnaí beithe ar mhaithe le bithéagsúlacht. Tá coilíneacht fritileán Réisc ag pórú ar an suíomh sin. Tá clár fadtéarmach maoirseachta curtha ar bun ag an CCTMÉ don fhéileacán seo agus do na féileacáin uile atá ar an suíomh. Tá traschrios féileacháin ann a ndéantar taifeadadh air sé mhí in aghaidh na bliana agus cuirtear na sonraí faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Gach bliain déanann CCTMÉ bainistíocht ghníomhach ar an anaclann seo d'fhonn caighdeán na gnáthóige a áirithiú do na féileacháin. Tá an anaclann seo ar oscailt don phobal i gcoitinne agus tá sí suite ar Rian Bithéagsúlachta na Loilí Móire (féach www.ipcc.ie).

Tailte Móna and Athrú Aeráide Gníomhartha 13-14

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G13 Déanfar measúnú ar an luach a bhaineann le sainathint roinnt suíomhanna tosaíochta talún móna mar chuid de líonra táscairí i ndáil leis an athrú aeráide agus dá mbunú mar shuíomhanna monatóireachta an AE agus an domhain.	GCC & RCGAC	Tionscadail taighde le bheith críochnaithe faoi 2019.

Tá roinnt tionscadal taighde ar bun chun táscairí athraithe aeráide a thomhas ar shuíomhanna tailte móna. Tá an tOllamh Ger Kiely (COC) i bhfeighil ar fhoireann eolaithe a thóg Túr Flosca Comhathraithis Guairneáin (in 2016) os cionn cheannbhrat na coillearnaí beithe athghiniúna ag lagphortach Bhord na Móna ag an Loilíoch Mhór. Tomhasfaidh sé sin tacar cuimsitheach paraiméadar clíomach (lena n-áirítear CO₂, CH₄, teocht aeir, brú atmaisféarach). Chomh maith leis sin, cuirfidh sé sruth sonraí ar aghaidh chuig líonraí domhanda (FLUXNET agus ICOS).

Reáchtálfar tionscadal dar teideal ‘Creat um athchóiriú talún móna díghrádaithe’, arna mhaoiniú ag an GCC, ó 2015 - 2018 agus beidh foireann idirdhisceiplíneach eolaithe ó CTBÁC, faoi stiúir an Ollaimh Laurence Gill, bainteach leis. Maoiníonn an tionscadal sin beirt thaighdeoirí lán-aimseartha PhD ag LCS Phortach Chlóirtheigh agus ag Portach Mhainistir Laoise. Baineann taighde atá mar chuid den tionscadal le tomhas floscanna carbóin ar scála ceapaí agus ar scála amaisféarach. Ba ghá Túr Comhathraithis Guairneáin a thógáil ag LCS Phortach Chlóirtheigh chun iad a thomhas ar an dara scála agus déanfaidh sé seo ailíniú ar an obair leis an gCóras Comhtháite um Breathnú Carbóin (ICOS; www.icos-ri.eu).

Tugtar aghaidh ar an nGníomh seo i dtionscadal AUGER: ‘Airíonna Talún Móna a Imríonn Tionchar ar Astaíochtaí agus Baint Gáis Cheaptha Teasa’, arna mhaoiniú ag an GCC agus atá ar siúl ó 2016-2019 faoi stiúir an Dr Florence Renou-Wilson. Foilseofar Tuarascáil Taighde de chuid an GCC go luath a gcuirfear i láthair ann tomhais flosca CO₂, CH₄ agus carbóin orgánaigh thuaslagtha thar thréimhse 10

mbliana ag bratphortach Atlantach Ghleann Chárthaigh i gContae Chiarraí, mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag an GCC atá faoi stiúir an Ollaimh Gerard Kiely, dar teideal ‘Suirbhé ar astaíocht agus ar féidearthacht linne na mbrat-thailte móna gníomhacha agus díghrádaithe in Éirinn’.

Foilseofar torthaí, conclúidí agus moltaí ón dá phársa taighde seo ón GCC mar thuarascálacha taighde de chuid an GCC nuair a bheidh gach ceann den dá thionscadal tugtha chun críche. Cuirfear aschuir taighde ón dá thionscadal (m.sh. tacair sonraí a gineadh, mapaí a gineadh etc.) ar fáil ar rochtain oscailte trí chartlann sonraí ar líne de chuid an GCC, An Chartlann Shlán don Taighde Comhshaoil (SAFER).

Nuair a bheidh na tionscadail taighde tugtha chun críche, tabharfar faoi athbhreithniú d’fhonn teacht ar an mbealach is fearr is féidir an gníomh seo a bhrú chun cinn.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G14 Déanfar measúnú ar leochaileacht thailte móna feidhmiúla na hÉireann i dtaca le tionchair an athraithe aeráide.</p>	<p>Ceannaireacht: RCOG</p> <p>Eile: RCGAC</p>	<p>Dáta críochnaithe 31/07/2018 atá ag an gcéad thionscadal 2025 - dáta eatramhach; 2040 - dáta críochnaithe</p>

Tá an RCOG ag plé leis an Rannán Athraithe Aeráide, Fuinnimh agus Cumarsáide de cuid Roinn an Taoisigh chun an acmhainneacht na mbogach (go háirithe tailte móna athchóirithe) chun feidhmeanna stórála agus ceaptha carbóin a fheidhmiú, ar feidhmeanna iad ar féidir leo cuidiú le spriocanna na hÉireann maidir le spriocanna laghdaithe gáis cheaptha teasa (GCT) a bhaint amach. Thug an Roinn roinnt maoinithe do thaighde maidir le ceapadh carbóin atá ar bun ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag LCS Phortach Chlóirthigh ó 2015 i leith agus chuir sí tacaíocht acmhainne ar fáil le déanaí do thionscadal úrscothach arna mhaoiniú ag GCC agus atá ar siúl ar bhonn leanúnach a chuirfidh ar chumas na hÉireann cuidiú le hiarrachtaí atá ar bun go hidirnáisiúnta chun ceist an cheaptha carbóin i dtailte móna a thuiscint.

Tugtar an gealltanas sa Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 go dtabharfar faoi thaighde ar leibhéal na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó ithreacha móna faoi chleachtais bhainistíochta éagsúla agus chun tionscadail agus teicnící athchóirithe tailte móna a shainathint agus athbhreithniú a dhéanamh orthu chun a n-éifeachtacht a mheas i dtéarmaí na hacmhainneachta atá acu ó thaobh hidreolaíochta, stórála agus ceaptha carbóin de.

Cuirfidh torthaí na dtionscadal seo bonn faoi na chéad chéimeanna eile a thógtar sa mheasúnú ar leochaileacht thailte móna feidhmiúla na hÉireann i dtaca le tionchair an athraithe aeráide.

Cuirfidh na tionscadail a luaitear faoi ghníomh 13 le haidhmeanna an ghnímh seo. Beidh tionscadal taighde deisce de dhíth chun measúnú ceart a dhéanamh ar leochaileacht thailte móna feidhmiúla na hÉireann i dtaca le tionchair an athraithe aeráide. Tá Tionscadal arna mhaoiniú ag an GCC ar bun maidir le Measúnú ar Leochaileacht na dTailte Móna: iniúchadh ar thionchair agus roghanna oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide trí COBÁC.

Suíomhanna Tailte Móna faoi Chosaint Gníomhartha 15-18

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
<p>G15 Is í Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta a dhéanfaidh plean píolótach um Bainistiú Caomhnaithe i gcomhair LCS is eanach a chur chun cinn, lena n-áirítear scrúdú sonrath ar na himpleachtaí don draenáil. Ceadófar tríd an gclár píolótach sin d'ullmhú cuspóirí caomhnaithe níos mionsaothraithe i gcomhair an ghnáthóg eanaigh trí chéile.</p>	<p>Ceannaireacht: OOP</p> <p>Eile: RCOG</p>	<p>2018.</p>

Mar a leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna, tá tús curtha le tionscadal píolótach chun plean um bainistiú caomhnaithe i gcomhair LCS is eanach, lena n-áirítear scrúdú sonrath ar na himpleachtaí don draenáil. Roghnaíodh LCS Shliabh gCruinn (Cód Suímh 000439) mar shuíomh píolótach toisc gur suíomh natura é a bhfuil draenáil artaireach ann, gur suíomh sách teoranta é ó thaobh geografaíochta de agus gur suíomh é ina bhfuil líon teoranta leasanna cáilitheacha eile nach fen, agus laghdaítear an chastacht le haghaidh plean bainistíochta pháilótaigh dá bharr. Léiríonn na staidéir bhonnlíne éiceolaíochta agus hidreolaíochta a reáchtáladh go n-imríonn an cainéal draenála artairí lena thaobh tionchar suntasach ar hidreolaíocht an cheantair eanaigh. Táthar ag leanúint leis an maoirseoireacht d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar an idirnasacht idir leibhéal an uisce sa draein agus i maoschlár na dtailte lena taobh. Ag foghlaim ón obair pháilótaigh seo, tá tús le cur le staidéir bhonnlíne éiceolaíochta agus hidreolaíochta ar shuíomh natura eile is eanach, is é sin LCS Eanach an Bhaile Mhóir (Cód Suímh 002313). Cosúil le Sliabh gCuinn, cuirfidh OOP, i gcomhpháirtíocht le RCOG, tús leis na sonraí eolaíochta bonnlíne is gá a chur le chéile, mar chéim thosaigh i bhforbairt na mbeart caomhantais don suíomh.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
<p>G16 Is í Éire a cheapfaidh agus a fhorfheidhmeoidh córas bainistíochta lena gcinnteofar nach leanfar de bhaint na móna ar shuíomhanna portaigh faoi chosaint ach amháin sa chaoi nach ndéanfar bagairt ar shláine na LCS.</p>	RCOG	2017-2019.

Cuireann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta cúiteamh ar fáil do bhainteoirí móna a gcuirtear as dóibh de bharr scor ar bhaint móna ar LCS agus LON na bportach ardaithe agus eascaíonn sí athlonnú bainteoirí móna ar mian leo leanúint de bheith ag baint móna go portaigh neamh-shainithe, más féidir. I gcás roinnt de na limistéir um chaomhnú speisialta, áfach, féadfaidh sé nach mbeidh an suíomh athlonnaithe oiriúnach nó nach mbeidh an acmhainn ann freastal ar líon na mbainteoirí móna ar mian leo athlonnú ann. I gcásanna dá leithéid agus laistigh de chreat an Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022, tá roghanna éagsúla á meas ag an Roinn, i gcomhairle le hionadaithe na mbainteoirí móna, i dtéarmaí athlonnaithe agus forálacha airteagail 6.3 agus airteagail 6.4 den Treoir maidir le Gnáthóga.

Tá ceithre LCS déag de chuid na bportach ardaithe roghnaithe chun go ndéanfar scrúdú orthu maidir leis an bhféidearthacht go leanfar den bhaint i gcodanna de na suíomhanna i gcomhréir le hairteagal 6.3 den Treoir maidir le Gnáthóga faoin bPlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022. Cuirfear aon mholadh maidir le móin a bhaint in LCS faoi réir faomhadh a fháil ina leith ón údarás áitiúil ábhartha.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G17 Forfheidhmeofar an t-athbhreithniú ar LON is portaigh ardaithe na hÉireann agus rachfar i mbun baint na móna ar LON is portaigh ardaithe i gcomhréir leis an athbhreithniú.</p>	<p>RCOG</p>	<p>Braitheann sé ar ritheadh an Bhille um Fhiadhúlra (Leasú) 2016 trí Thithe an Oireachtais. Tá sé ar an gclár lena chur chuig Céim na Tuarascála i nDáil Éireann.</p>

Foilsíodh athbhreithniú ar líonra LON phortaigh ardaithe na hÉireann (dar teideal Athbhreithniú ar Líonra na Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON) ar Phortaigh Ardaithe) (www.npws.ie/peatlands-and-turf-cutting/management-plans) in Eanáir 2014. Bhí sé mar chuspóir aige athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar an líonra reatha LON agus sraith beart a leagan amach chun a áirithiú go gcomhlíonann Éire a dualgais faoin Treoir maidir le Gnáthóga chun gnáthóga portaigh ardaithe a chothabháil nó a athchóiriú go stádas fabhrach caomhantais agus a dualgais faoin Treoir maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta i dtaobh baint móna ar LONanna a rialú; agus tioncáir neamhriachtanacha ar chearta traidisiúnta na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí talún a sheachaint agus an costas don Stát a laghdú. Mar chuid den athbhreithniú rinneadh scrúdú agus measúnú eolaíoch ar níos mó ná 270 suíomhanna portaigh ardaithe, lena n-áirítear 53 de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) na bportach ardaithe, 75 LON reatha na bportach ardaithe agus níos mó ná 100 suíomh neamh-shainithe eile.

I dteannta scrúdú a dhéanamh ar shuíomhanna ó thaobh bhainistiú agus chaomhnú an dúlra; baineadh úsáid as critéir chomhshaoil, theicniúla, agus shocheacnamaíocha san athbhreithniú ar LONanna chun na portaigh ab oiriúnaí mar ghnathóg LCS ionaid agus ab oiriúnaí le haghaidh líonra nua athchumraithe LON a shainiú.

Ba é conclúid an athbhreithnithe go raibh gá le hathchumrú ar an líonra LON chun cuspóirí maidir le caomhnú an dúlra a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí agus aird a thabhairt ar riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha freisin.

Foilsíodh an Bille um Fhiadhúlra (Leasú), 2016 ar an 25 Iúil 2016 agus tá sé curtha faoi bhráid Dháil Éireann. Déantar foráil sa Bhille go ndéanfaidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta:

- a. athbhreithniú ar Líonra Limistéir Oidhreachta Nádúrtha na bPortach Ardaithe 2014 a reáchtáil agus a thabhairt chun críche; agus
- b. ag éirí as Athbhreithniú 2014, Orduithe Limistéir Oidhreachta Nádúrtha a leasú nó iad a aisghairm agus Orduithe Limistéir Oidhreachta Nádúrtha nua a dhéanamh.

Tá an Bille á chur ar aghaidh trí na céimeanna riachtanacha i dTithe an Oireachtais.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G18 Rachfar i mbun athbhreithniú cuimsitheach ar athchóiriú na LCSanna agus na LONanna is portaigh ardaithe trí fhorfheidhmiú Phlean Bainistíochta na LCS is Portaigh Ardaithe agus trí fhorbairt na bpleananna bainistíochta do na LONanna, i gcomhpháirt leis na húinéirí talún a ndeachthas i bhfeidhm orthu.</p>	<p>RCOG</p>	<p>Ó 2017 ar aghaidh (clár tosaigh 6 bliana).</p>

Leagtar amach sa Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 an cur chuige is gá chun LCSanna na bportach ardaithe a chaomhnú, a bhainistiú agus a athchóiriú amach anseo mar aon leis an gcaoi a bhfeastalófar ar riachtanais na mbainteoírí móna. Foilsíodh an Tuarascáil i mí na Nollag 2017. Cuirfear i bhfeidhm é thar 3 thimthriall sé bliana.

Tá gá le pleananna athchóirithe suíomhoiriúnaithe do gach ceann de LCSanna na bportach ardaithe agus cuid mhór de chlár na mbeart caomhantais is ea cur chun feidhme na bpleananna seo. Mar chuid den Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022, cuireadh le chéile dréachtpleananna athchóirithe suíomhoiriúnaithe do 53 LCS na bportach ardaithe mar aon le dhá choimpléasc

portaigh ardaithe atáthar le moladh go sainaimneofar mar LCSanna iad. Áirítear sna pleananna sin moltaí go ndéanfaí athchóiriú ar phortaigh arda agus portaigh réitithe ina dtimpeall, rud atá riachtanach chun cuspóirí caomhantais náisiúnta agus suíomhoiriúnaithe a chomhlíonadh.

Tá na gníomhaíochtaí athchóirithe sa chéad thimthriall den Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 dírithe ar phortaigh ardaithe den chuid is mó, agus dírithe ar athchóiriú áirithe ar limistéir réitithe ar leith freisin. Tá an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta ag tabhairt faoi athchóiriú portaigh ardaithe gníomhaigh ar 12 de LCSanna na bportach ardaithe in Éirinn i láthair na huaire faoi Chlár LIFE 2014-2020 arna maoiniú ag an AE (LIFE14NAT/IE/000032) (www.raisedbogs.ie).

Cuirfidh maoiniú €5.4m don tionscadal tús maith leis an próiseas athchóirithe. Rachfar i mbun oibre ar chur chun feidhme na bpleananna athchóirithe suíomhoiriúnaithe i gcomhairle le páirtithe leasmhara ar 12 LCS sa togra seo. Forbrófar na pleananna seo le go gcuimseofar iontu pleananna um bhainistiú draenála agus leagfar amach iontu freisin nithe chun leasa an phobail amhail clárchosáin nó conairí siúil a chur isteach, más féidir.

Maidir le fuilleach LCSanna na bportach ardaithe sa líonra, déanfar na dréachtpleananna athchóirithe a fhorbairt thar an timthriall reatha agus na timthriallacha atá le teacht go dtí go ndéanfar pleananna críochnaithe athchóirithe díobh do gach ceann de shuíomhanna LCS na bportach ardaithe, i gcomhairle le páirtithe leasmhara.

Cuireadh tús le forbairt pleananna athchóirithe le haghaidh líonra LON na bportach ardaithe i Ráithe 4 2017 agus táthar ag súil lena dtabhairt chun críche faoi 2019.

Tailte Móna Iasmuigh de Shuíomhanna faoi Chosaint Gníomhartha 19-24

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G19 Athbhreithneofar an creat dlíthiúil reatha i ndáil le rialú baint móna ó thaobh pleanála, cosaint chomhshaoil agus cosaint gnáthóg de; agus forbrófar moltaí chun córas rialaithe níos soiléire, níos comhréirí agus níos infhorfheidhmithe a thabhairt i gcrích lena gcinntítear comhlíonadh reachtaíocht chomhshaoil iomchuí an AE freisin agus chun an deachleachtas in oibríochtaí bainte móna a chinntiú.</p>	<p>Ceannaireacht: RTPRA i gcomhpháirtíocht le RCOG</p> <p>Eile: GCC</p>	<p>2018 le haghaidh rialacháin a bhaineann le baint móna ar mhórsála.</p>

Tá dréacht-rialacháin á mbrú ar aghaidh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chuirfidh i bhfeidhm córas sruthlíneach ceadúnaithe don bhaint móna ar bhonn tráchtála ar mhórsála arna feidhmiú ag an GCC a mbeidh measúnú éigeantach tionchair timpeallachta (MTT) mar aon le measúnacht chuí mar chuid de. Faoin gcóras rialálaithe athbhreithnithe, díolmhófar baint móna ar bhonn tráchtála ar mhórsála ón riachtanas chun cead pleanála a fháil.

Nuair a thiocfaidh na rialacháin seo i bhfeidhm, díreoidh RTPRA ar réimeas rialála ar leith a fhorbairt i leith baint móna ar scála níos lú, agus beidh sé mar aidhm aige freisin a áirithiú go gcomhlíontar riachtanais an MTT agus na Treorach maidir le Gnáthóga.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
G20 Breathnófar freisin chun deireadh a thabhairt le húsáid an innill ‘ispíní’, nó gan ligean dá úsáid ach i limistéir shonracha amháin. Rachfar i gcomhairle le conraitheoirí bainte móna agus le páirtithe leasmhara eile i gcaitheamh fhorbairt na moltaí úd.	RCOG & RTPRA	2020.

Is é polasaí an RCOG nár cheart innill ‘ispíní’ a úsáid ar phortaigh shainithe. Tugtar le tuiscint ó réamhfhiosrúcháin nach bhfuil innill ispíní in úsáid ar shuíomhanna portaigh ardaithe ar bith a thuilleadh agus gur líon beag amháin atá á bhfeidhmiú ar suíomhanna lagphortaigh.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
G21 Coinneoidh an RCOG, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, RTPRA, an tÚdarás Clárúcháin Maoine, RTBM agus údaráis áitiúla orthu ag comhoibriú le chéile chun eolas feabhsaithe bonnlíne maidir le méid na ngníomhaíochtaí bainte agus eolas faoi úinéireacht talún agus moinchearta, agus eolas faoi mhéid agus gnéithe fisiciúla (lena n-áirítear cinn gheoiteicniúla) thailte móna na hÉireann a ghiniúint.	Na hEagraíochtaí a luadh ag obair i gcomhar lena chéile	Céad chruinniú na n-eagraíochtaí ábhartha le tionól in 2018.

Tá stór cuimsitheach eolais bhonnlíne ag an RCOG maidir le húnéireacht talún agus moinchearta laistigh de LCSanna agus LONanna na bportach ardaithe. Rachaidh an RCOG i dteagmháil leis na heagraíochtaí lena mbaineann d'fhonn cruinniú a thionól chun an gníomh seo a bhrú chun cinn in 2018 agus chun eolas feabhsaithe bonnlíne a ghiniúint agus cinneadh a dhéanamh maidir leis conas is fearr leanúint den chomhoibriú.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
G22 D'fhonn comhlíonadh airteagail 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a chinntiú, forbrófar tuilleadh treorach i ndáil le Measúnacht Chuí ar phleananna agus ar thionscadail a bhaineann le tailte móna.	Ceannaireacht: RTPRA Eile: RCOG	2019.

Tá an Coimisiún Eorpach le leasú chun dáta ar a threoir i dtaca le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga a fhoilsiú. Tá an leasú chun dáta seo ag teastáil sula dtabharfar na treoirlínte náisiúnta chun críche. Tá se beartaithe go bhfoilseoidh RTPRA treoir athbhreithnithe do na húdaráis phleanála maidir le measúnacht chuí ar phleananna agus tionscadail i gcomhairle leis an RCOG, agus cuirfidh an Roinn sin ionchur suntasach teicniúil isteach sa doiciméad treorach.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
G23 Athbhreithneofar an córas reatha rialála chun a chinntiú go dtagann gach baint móna ábhartha faoi réir Measúnachta Cuí (MC). Breathnófar ina theannta sin acmhainneacht asamhlaithe na talún móna chun tionchair a iompar.	Ceannaireacht: RTPRA Eile: RCOG	2018-2019.

Faoin reachtaíocht reatha pleanála, baineann riachtanais MI do bhaint móna agus leanfaidh na riachtanais sin de bheith i bhfeidhm i réimis úra rialála do thailte móna dá dtagraítear i nGníomh 19.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
<p>G24 Áireofar treoir faoi leith i ndáil le measúnacht chúí agus feirmeacha gaoithe leis an treoir dá dtagraítear in G23.</p>	<p>Ceannaireacht: RTPRA</p> <p>Eile: RCOG</p>	

Tá athbhreithniú ar bun faoi láthair ag an RTPRA ar Threoirlínte maidir le Forbairt Fuinnimh Ghaoithe 2006 (atá le foilsiú faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha) agus tabharfar an deis don RCOG ionchur teicniúil a sholáthar agus nuashonrú á dhéanamh ar chodanna ábhartha de na treoirlínte a bhaineann le MI, de réir mar is gá.

Caighdeán Uisce, Creat-Treoir Uisce agus Tuilte Gníomhartha 25-26

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G25 Ba cheart a léiriú i leith gach gníomhaíocht a bhaineann le talamh móna nach mbíonn tionchar diúltach acu, ina n-aonar ná i gcomhar le gníomhaíochtaí eile, ar chuspóirí comhshaoil an WFD, na Mac-Treoracha comhbhainteacha agus na rialachán náisiúnta.	Ceannaireacht: RTPRA & GCC Eile: RCOG	Ar bhonn leanúnach

Baineann an Gníomh seo le dualgais a leagtar ar údaráis toilteanacha áitiúla ábhartha maidir leis an gCreat-Treoir Uisce (CTU) agus rialacháin lena mbaineann. Ní mór na dualgais seo, amhail Measúnú Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chúí, a thabhairt san áireamh maidir le gníomhaíochtaí leanúnacha agus molta a bhaineann le talamh móna agus údaruithe lena mbaineann arna dtabhairt ag an oibreoir agus na húdaráis ábhartha.

Sainithníodh i dtréithriú fo-dhobharcheantair a rinne an GCC go mbaineann baol suntasach le baint móna do chuspóirí stádais éicolaíochta i gcás níos mó ná 110 dobharlach. Go ginearálta, is amóinia, solaid ar fuaidreamh agus dálaí hidreamoirfeolaíochta is cúis leis na tionchair sin. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh Bord na Móna, i gcomhar leis an GCC, measúnú ar bhearta a d'fhéadfadh giniúint agus tionchar ammóinia a laghdú thar an tréimhse 2018-2021.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G26 Níor chóir go ndéanadh gníomhaíochtaí a bhaineann le talamh móna athrú suntasach do na dálaí comhshaoil tacúla I gcomhair na ngnáthóg sainithe sa chaoi gur cúis le cliseadh an chuspóir caomhantais don ghnáthóg shainithe iad, agus de tháta gur cúis iad le baol nach gcomhlíonfaí cuspóirí comhshaoil an CTU i ndáil leis na limistéir faoi chosaint.</p>	<p>Ceannaireacht: RTPRA & GCC</p> <p>Eile: RCOG</p>	<p>Ar bhonn leanúnach</p>

Baineann an gníomh seo le dualgais a leagtar ar údarais thoilteanacha áitiúla ábhartha maidir leis an Treoir maidir le Gnáthóga agus an gCreat-Treoir Uisce and rialacháin lena mbaineann. Ní mór iad seo a thabhairt san áireamh maidir le gníomhaíochtaí leanúnacha agus molta a bhaineann le tailte móna agus údaruithe lena mbaineann ón oibreoir agus ó údarais ábhartha.

Sainithníodh na cuspóirí comhshaoil do na fo-dhobhaircheantair a bhfuil gnáthóga iontu, lena n-áirítear tailte móna, agus aontaíodh iad ag ceardlanna réigiúnacha do bhaircheantair le linn Ráithe 2 2017. Cuireadh torthaí na gceardlann seo faoi bhráid an RTPRA lena meas agus mar ábhar a d'fhéadfaí a chur sa leagan deiridh den Phlean Bainistíochta Abhantrach, atá le foilsiú ag deireadh 2017. Le forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantrach leagfar síos an creat lena n-áireofar go ndéanfar cuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce a chomhlíonadh i gcás do bharlach ina meastar gur brú iad na gníomhaíochtaí a bhaineann le móin.

Mar a luadh faoi Gníomh 19 tá dréacht-rialacháin á gcur chun cinn ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil lena gcuirfear córas ceadúnaithe sruthlíneach i bhfeidhm le haghaidh baint móna ar scála mór a bheidh á fheidhmiú ag an GCC. Cuirfidh an Plean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 agus aschuir tionscadal taighde lena mbaineann bonn faoi na dualgais a bhaineann le gnáthóga sainithe portaigh ardaithe.

Ní mór do Bhord na Móna ceadúnais eisithe ag an GCC a chomhlíonadh agus a phortaigh á mbainistiú aige agus áirítear sa mhéid sin dualgais maidir le rialú siolta,

cobhsú agus athshlánú na laghortach etc. ar gá cloí go daingean leo. Caithfear na coinníollacha ceadúnais seo a chomhlíonadh i gcás go ndéanfar aon athfhliuchadh d'aonghníomh ar phortaigh agus bogaigh fhairsing a chothú.

Leagtar amach straitéis, cuspóirí agus gníomhartha i bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht 2016-2021 de chuid Bhord na Móna (<http://biodiversityactionplan.bordnamona.ie/index.html>) chun seachadadh seirbhísí éiceachórais uile na n-éiceachóras a fheidhmíonn go nádúrtha a mhéadú trí athshlánú. Tá maolú tuilte á sholáthar ag laghortaigh athshlánaithe cheana féin trí bhogaigh i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí agus i suíomhanna eile. Soláthraíonn suíomhanna athchóirithe portaigh seirbhísí maolaithe tuilte freisin.

Caitear pleanáil shuntasach a dhéanamh maidir le leibhéal uisce, bainistiú hidreolaíoch agus tionchair ar thalamh cóngarach nuair a dhéantar athfhliuchadh d'aonghníomh ar laghortaigh le linn na céime athshlánaithe. Féadfaidh tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a bheith ag uisce a bheadh domhain go leor, agus ní mór measúnú a dhéanamh air sin freisin.

Is féidir le tailte máguaird tairbhe a bhaint as bearta draenála agus rialaithe tuilte a ghlacann Bord na Móna. Ba cheart aon athfhliuchadh a dhéantar a bhainistiú go cúramach ionas nach mbeidh aon tionchair dhiúltach tuilte aige ar thailte máguaird.

Tá aontaithe ag Bord na Móna go ndéanfaidh sé pumpáil agus bainistiú stoic móna a mheas agus a athchumrú, más iomchuí, chun coinneáil uisce ar a phortaigh a mhéadú le linn imeachtaí tuilte, ach a naisc iompair agus córais draenála a bheith á gcothú i gcónaí. Ón meántéarma go fadtéarma, tá an chuideachta sásta úsáid laghortach ídithe a mheas, más iomchuí, agus i gcomhréir le dualgas dlí agus rialála atá i bhfeidhm. Féadfaidh a bheith san áireamh sa mhéid sin, mar shampla, sil-leagan siolta ar phortaigh dá leithéid faoi dhálaí a rialófar go cúramach. Is dealraitheach gur suntasach an riachtanas maoinithe a bheadh ag tionscnamh dá leithéid. . Is sampla de chur chuige den chineál seo é an suíomh sil-leagain móna ag An Srath Mór i gContae Mhaigh Eo.

Feasacht Phoiblí & Oideachas Gníomh 27

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tásach lena chur i gcríoch
<p>G27 Athbhreithneoidh na húdaráis phoiblí ábhartha a gcuid gníomhaíochtaí agus cur chuige i leith oideachais agus feasacht phoiblí faoi luach agus úsáidí na dtailte móna; agus tabharfaidh siad achoimre ar thoradh a n-athbhreithnithe do Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna. Is é an Grúpa Tailte Móna, i gcomhairle leis an gComhairle Tailte Móna, a dhéanfaidh measúnú ar ghníomhaíochtaí reatha, lena n-áirítear iad siúd de chuid na n-eagrais neamhrialtasach, agus a dhéanfaidh moltaí don Rialtas maidir le tuilleadh beart a d'fhéadfadh bheith de dhíth chun tairbhí eacnamúla, sóisialta agus comhshaoil an bhainistithe fhreagraigh ar thailte móna a chur in iúl don phobal. Is sa chomhthéacs sin a bhreathnóidh an Grúpa Tailte Móna na moltaí sa Tuarascáil Bogland.</p>	<p>Údaráis ábhartha uile</p>	<p>2019.</p>

Ag tús 2018 bunóidh RCOG grúpa oibre a bheidh comhdhéanta de na húdaráis phoiblí ábhartha chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cuir chuige maidir le hoideachas agus feasacht phoiblí ar luach agus úsáidí na dtailte móna. Cuirfear toradh an athbhreithnithe faoi bhráid Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna. Beidh an grúpa sin in ann cinneadh a ghlacadh ansin maidir leis an mbealach is fearr chun dul chun cinn níos mó a dhéanamh sa ghníomh sin.

Is gníomh de chuid an Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 é go ndéanfaidh an RCOG (agus comhlachtaí ábhartha eile) clár

oideachais agus feasachta a fhorbairt ar an tairbhe a bhaintear as caomhnú/athchóiriú.

Aithnítear gur ceann de na bealaí is fearr é chun gnáthóga agus speicis a chosaint ar bhonn fadtéarmach é grúpaí caomhantais agus bainistíochta a fhorbairt sa phobal, agus is féidir leo seo feidhmiú mar fheighlithe ar phortaigh áitiúla agus cuirtear oideachas agus eolas ar fáil do phobail áitiúla maidir le tairbhe an chaomhantais ag an am céanna. Féadfar na líonraí seo a úsáid mar ardán do rannpháirtíocht an phobail ar féidir le páirtithe leasmhara éagsúla (m.sh. grúpaí pobalbhunaithe, úinéirí talún agus oibrithe deonacha) a bhíonn ag obair chun suíomhanna bogaigh a chaomhnú, leas a bhaint as chun eolas agus taithí a roinnt agus caomhnú na dtailte móna a chur chun cinn.

Chomh maith leis sin oibreoidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le húdaráis agus eagraíochtaí oidhreachta áitiúla a bhfuil ról le comhlíonadh acu i dtaca le tairbhe agus luach na dtailte móna a chur chun cinn.

Tá sé mar chuspóir ag Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2016-2021 Bhord na Móna an fheasacht maidir le luach na dtailte móna a mhéadú agus tá go leor tionscnamh ar bun faoi láthair. Mar shampla, in 2016, reáchtáladh sraith imeachtaí ag Portach na Coirre Léithe i gCo. an Longfoirt mar chuid de Lá Feasachta um Bithéagsúlacht, agus cuireadh eolas ar fáil ann maidir le go leor gnéithe de bhithéagsúlacht na dtailte móna sa cheantar sin. Leantar de bheith ag reáchtáil imeachtaí éagsúla i bPáirc Taiscéalaíochta Loch na Buaráí atá dírithe ar ábhair agus luchtanna éisteachta ar leith m.sh. siúlóidí nádúir, turasanna teoraithe do scoileanna, grúpaí siúil, etc. Tá Bord na Móna ag éascú cuairteanna agus turasanna scoile ar fheirm ghaoithe Dhroim Cáithe, ar feirm ghaoithe í atá tar éis líon suntasach cuairteoirí a tharraingt chuig an áis feirme gaoithe agus an ceantar bithéagsúlachta lena mbaineann. Rinne Bord na Móna an clár oideachais bithéagsúlachta Eco-Rangers atá dírithe ar bhunscoileanna a sheoladh agus a fheidhmiú - tá 204 scoil (agus 36,720 dalta) tar éis páirt a ghlacadh sa chlár go dtí seo.

Turasóireacht & Usáid Áineasa Gníomhartha 28-30

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G28 Tabharfar an tasc do Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna (féach Caibidil 5) chun an moladh seo i leith Páirc Tailte Móna a bhreathnú. Iniúchadh a dhéanamh ar na saoráidí reatha agus féideartha do chuairoteoirí faoi úinéireacht na gcomhlachtaí poiblí, fo-Stáit agus deonacha is ea an áit chun tosú ar an mbreathnú sin.</p>	<p>Eagraíochtaí ar cuid de Ghrúpa Forfheidhmithe na Straitéise um Thailte Móna iad.</p>	<p>Fadtéarma.</p>

Mar thoradh ar scrúdú a rinneadh ar áiseanna cuairteoirí atá ann faoi láthair agus a d'fheadfadh a bheith ann, fuarthas amach go bhfuil suas le cúig shuíomh tailte móna dhéag ann a bhfuil áiseanna cuairteoirí iontu.¹ Tá na suíomhanna seo faoi úinéireacht phoiblí den chuid is mó agus cuirtear ar fáil iontu go leor de na gnéithe a mbeifí ag súil leo i bPáirc Tailte Móna.

Tá go leor de na gnéithe a mbeifí ag súil leo i bpáirc tailte móna ar fáil i bPáirc Taiscéalaíochta Loch na Buaráí cheana féin. Tá níos mó ná 5,000 acra inti seo agus cuirtear raon leathan roghanna áineasa agus conláistí ar fáil do chuairoteoirí inti. Ina theannta sin, tá Bord na Móna, Comhairle Contae an Longfoirt agus páirtithe leasmhara eile ag obair ar thionscadal Loch Rí agus Lár na Sionainne. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo nithe is díol spéise ó thaobh áineasa agus conláistí de a chruthú i gceantar lár na Sionainne, a mbeadh bogaigh agus ceantair fhiáine mar chuid díobh.

¹ Tá liosta de na suíomhanna seo sna hagusíní ceangailte leis seo.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G29 Breathnófar feabhsú na dtailte móna mar áiseanna turasóireachta agus áineasa inbhuanaithe, ag a mbíonn an cumas chun díbhinn a ranníoc leis an bpobal, mar chuid den Phlean Náisiúnta do LCS na bPortach Ardaithe agus de phleananna iomchuí eile.</p>	<p>RCOG</p>	<p>Tús curtha leis in 2017 agus measúnú á dhéanamh ar 12 de shuíomhanna portaigh ardaithe de cuid thionscadal LIFE maidir le háiseanna áineasa a sholáthar a bheadh laistigh de nó a mbeadh nasc acu le suíomhanna LCS ar tugadh tosaíocht dóibh ó thaobh athchóiriú de. Déanfar tuilleadh measúnaithe orthu de réir mar a chuirtear tús le céimeanna na n-oibríocha athchóirithe.</p>

Tá deiseanna suntasacha ann chun cur leis na portaigh ardaithe mar áiseanna inbhuanaithe turasóireachta agus áineasa agus chun brabús a bhaint astu don phobal. Féadfaidh timpeallacht oscailte, nádúrtha LCS bheith mar shuíomh den scoth chun aclaíocht a dhéanamh, scíth a ligean, agus don idirghníomhú sóisialta agus féadfar tairbhe ginearálta a bhaint as don tsláinte agus don fholláine.

Spreagann áiseanna den chineál seo infheistíocht isteach tríd an éiceathurasóireacht agus tionscail eile.

Mar chuid den straitéis náisiúnta um athchóiriú na bportach ardaithe sainithe, déanfar measúnú i ngach plean athchóirithe, i ndiaidh dul i gcomhairle le páirithe leasmhara, ar thionchair shocheacnamaíocha na n-oibríocha athchóirithe agus déanfar moltaí i leith áiseanna áineasa, más ann dóibh, do gach suíomh. Tá breathnú á dhéanamh ar thairbhe turasóireachta agus áineasa an tionscadail do na 12 shuíomh LCS faoi Thionscadal Athchóirithe Portach Ardaithe LIFE 2016-2020 an AE.

D'fhéadfaí a bheith san áireamh sna háiseanna áineasa sin, áiseanna a thógáil nó feabhas a chur ar áiseanna reatha (m.sh. rianta, clárchosáin, droichid phortaigh), fiontair bheaga thurasóireachta a spreagadh, an tairbhe do shláinte agus folláine an

duine a chur chun cinn agus luach an tsuímh mar áis oideachais a fheabhsú (ó thoabh gnéithe éiceolaíochta agus gnéithe oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta tionsclaíoch a d'fhéadfadh a bheith ar fáil laistigh den suíomh agus ina thimpeall). Tá féidearthacht suntasach ann chun infheistíocht a dhéanamh chun na háiseanna seo a huasghrádú, a mhéadú agus chothabháil mar bhealaí rochtana ar chonláistí agus áineas.

Déanfaidh an RCOG machnamh maidir le tacaíocht a thabhairt do thograí turasóireachta/áineasa le haghaidh na dtailte móna, bíodh sin go díreach nó trí chórais eile amhail LEADER agus fóraim na bpobal áitiúil.

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
<p>G30 Bhí breathnú na dtailte móna mar chonláiste mar chuid d'iaratas na hÉireann faoin gclár LIFE agus beidh sé mar chuid de phleananna athchóirithe ábhartha amach anseo.</p>	<p>RCOG</p>	<p>Mar atá thuas.</p>

Is ceann de na príomhchuspóirí sa Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 é feasacht agus tuiscint a chothú maidir leis an tairbhe agus an luach a bhaineann le tailte móna na hÉireann agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh chun bonn a chur faoi cinní a dhéanfar amach anseo. Pléifear na deiseanna chun áiseanna áineasa a sholáthar laistigh de líonra na bportach ardaithe sainithe, go háirithe, fad a bheidh an clár beart athchóirithe ar phortaigh ardaithe shainithe á chur bhfeidhm.

Tá deich bpríomhghrúpa caomhantais bogaigh faoi stiúir an phobail (m.sh. grúpa Mhainistir Laoise, grúpa na Cabraí, grúpa na Coirre Léithe, grúpa Chloch Shiurdáin agus grúpa Chlóirtheigh) mar chuid d'Fhóram na mBogach Pobail (CWF), faoi scáth Irish Rural Link. Is fóram é chun eolas a mhalartú, tacú le grúpaí eile, treoir deachleachtas a chur le chéile, rannpháirtíocht an phobail a spreagadh, eispéireas gníomhaíochtaí áineasa a chothú (siúlóidí agus cainteanna), mar aon le deiseanna

don obair dheonach, roghanna maoirseachta agus comhaontuithe bainsitíochta a phlé. Tháinig go leor de na grúpaí seo chun cinn mar fhreagairt an phobail ar bhagairt phráinneach do mharthain a mbogach faoi seach agus mar thoradh ar dhearcadh fadbhreathnaitheach na ngrúpaí seo i leith na gcineálacha líonmhara tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as caomhnú na suíomhanna seo.

Féadtar na líonraí seo a úsáid mar ardán don rannpháirtíocht phobail ar féidir le páirtithe leasmhara éagsúla (m.sh. grúpaí pobalbhunaithe, úinéirí talún agus oibríthe deonacha), a bhíonn ag obair chun suíomhanna bogaigh a chaomhnú, leas a bhaint as chun eolas agus taithí a roinnt agus tacaíocht a thabhairt dá cheile.

Ina theannta sin, cuirfidh an Stát tacaíochtaí ar fáil do thionscadail caomhantais agus oideachais pobail agus feasachta ar scála beag i gceantair ar imríodh tionchar orthu nuair a cuireadh deireadh le baint móna don teaghlach ar limistéir faoi chosaint speisialta agus limistéir oidhreachta nádúrtha na bportach ardaithe.

Leagtar béim ar roinnt scéimeanna sa Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe trína bhféadfaí maoiniú a sholáthar do chineálacha áirithe tionscadal pobail.

Tá Bord na Móna ag obair le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile Stáit chun cur chuige comhordaithe a bhaint amach ó thaobh bainistíocht agus forbairt a dhéanamh ar socmhainní áineasa agus turasóireachta ar thailte faoi úinéireacht an Stáit. Tá an Grúpa Aeraíochta faoi chathaoirleacht na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tá Bord na Móna ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara eile ar thionscadal Loch Rí agus Lár na Sionainne. Is é aidhm an ghrúpa seo plean a thabhairt chun críche lena ndéanfar forbairt shuntasach ar thurasóireacht agus áineas i gceantar lár na Sionainne.

Tá an tóir ar Pháirc Taiscéalaíochta Loch na Buaráí ag méadú i gcónaí agus chuaigh breis agus 100,000 cuairteoir ar cuairt ann in 2016. Cuireann an Pháirc raon leathan áiseanna ar fáil do chuairoteoirí agus do dhaoine a bhfuil cónaí orthu go háitiúil. Is eiseamláir mhaith é de thionscadal ina ndearnadh forbairt ar laghortaigh le haghaidh áineasa, conláistí agus turasóireachta. D'oibrigh Bord na Móna i gcomhar le Coillte agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí chun Staidéar Féidearthachta maidir le

Ceann Scríbe Rothaíochta Lár na Tíre a fhorbairt agus leagtar amach ansin an fhéidearthacht chun oll-líonra rothaíochta a chruthú a bheadh suite ar lagphortaigh den chuid is mó.

Dumpáil Neamhúdaraithe Gníomh 31

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár táscach lena chur i gcríoch
G31 Áireofar leis an bPlean Náisiúnta do LCS is Portaigh Ardaithe forálacha chun comhrac i gcoinne dumpáil neamhúdaraithe ar na suíomhanna úd.	RCOG agus Rialtais Áitiúla	Ó 2017 ar aghaidh

Tabharfar aghaidh ar ábhair inmí maidir le bainistíocht dramhaíola, más gá, sna pleananna athchóirithe suíomhoiriúnaithe do gach suíomh sainithe portaigh ardaithe. Tá soláthar áirithe ar fáil tríd an RCOG don mhaoiniú rannpháirtíochta pobail do thionscnaimh maidir le bainistiú dramhaíola ar bun ag pobail áitiúla ar imríodh tionchar orthu de bharr scoir den bhaint móna.

Taighde Gníomh 32

Gníomh	Comhlachtaí Freagracha	Tráthchlár tascach lena chur i gcríoch
G32 Déanfar na limistéir thaighde sin a mheasúnú agus sannfar aicmiú tosaíochtaí do gach ábhar, i dteannta le costais tháscacha, fad agus raon beacht feidhme an taighde a theastaíonn, sa tsúil chun clár tionscadal taighde a chur chun feidhme.	GCC & RCOG	Measúnú ar thionscadail taighde ar thailte móna le déanamh in 2018.

Déanfar taighde ríthábhachtach sna sé bliana amach romhainn faoin bPlean um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe 2017-2022 chun bainistiú ar thalamh portaigh agus cleachtais athchóirithe a fheabhsú amach anseo. Beidh taighde de dhíth amach anseo i réimsí a bhaineann le tacú le fásra portaigh, cailteanais screamhuisce, maolú an athraithe aeráide, maolú tuilte, turnamh móna agus foirmiú móna ar phortaigh réitithe. Déanfar na réimsí taighde seo a mheasúnú agus tugfar tosaíocht dóibh bunaithe ar scóip, costais agus fad d'fhonn clár de thionscadail taighde ar thailte móna a chur le chéile.

Oibreoidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ábhartha chun tosaíocht a thabhairt do na tograí sin in 2018.

Tá an GCC tar éis líon mór tionscnamh staidéir a mhaoiniú, ar tionscnaimh iad atá dírithe ar thailte móna agus a ndéantar scrúdú iontu ar thopaicí éagsúla tosaíochta laistigh den réimse ábhair seo agus tá infheistíocht shuntasach taighde déanta chun an tuiscint atá againn ar na saincheistanna agus ar réitigh fhéideartha a fheabhsú, agus acmhainneacht laistigh den phobal taighde in Éirinn a mhéadú ag an am céanna. Tá breis agus €1.75 milliún infheistithe ag an GCC i dtionscadail taighde a

bhaineann le talamh móna ó 2012 i leith, agus b'fhiú >€1.1 milliún infheistíocht a tugadh do thrí thionscadal in 2015 agus 2016.²

Beidh Clár reatha Taighde an GCC ar siúl go dtí 2020, agus beidh gach ceann de na tionscadail taighe atá liostaithe tugtha chun críche faoin am sin. Foilseofar torthaí, conclúidí agus moltaí ó gach tionscadal taighde mar Thuarascáil Taighde de chuid an GCC tar éis do gach tionscadal a bheith tugtha chun críche. Cuirfear aschuir taighde ó na tionscadail (m.sh. tacaí sonraí a gineadh, mapaí a gineadh, etc.) ar fáil ar líne agus beidh rochtain oscailte orthu trí chartlann sonraí ar líne an de chuid an GCC, An Chartlann Shlán don Taighde Comhshaoil (SAFER).

Tá taighde nua á fhorbairt ag Bord na Móna agus tá tacaíocht á tabhairt aige dó maidir le floscanna carbóin na dtailte móna ag an Loilíoch Mhór, Co. Chill Dara. Tá Tionscadal Túir Flosca Carbóin na Loilí Móire ar bun le bliain anuas anois. Soláthróidh an taighde seo ionchur luachmhar don mheasúnú maidir leis an méid a rannchuidíonn na tailte móna le bainistiú carbóin.

² Tá tuilleadh sonraí i ndáil leis na tionscadail taighde seo ceangailte leis seo sna hagusíní.

Aguisíní

G 28 Suíomhanna Cuairteoirí na dTailte Móna

Ainm	Áiseanna	Feasacht Phoiblí & Oideachas	Cineál Portaigh	Sainiú
Portach Mhainistir Laoise, Mainistir Laoise, Co. Laoise.	<ul style="list-style-type: none"> Clárchosán oiriúnach do chathaoireacha rothaí 	<ul style="list-style-type: none"> Turais scoile Painéil Faisnéise Rannpháirtíocht an phobail Taispeántais Ealaíne 	Portach ardaithe gníomhach	níl
Meitheal Phortach na Greallaí, Ceanannas, Co. na Mí	<ul style="list-style-type: none"> Clárchosán 	<ul style="list-style-type: none"> Painéil Faisnéise 	Portach Ardaithe	LON 001580
Móin na Scotha Buí, Cloch Shiurdáin, Co. Thiobraid Árann.	<ul style="list-style-type: none"> Ardán féachana Droichead Portaigh 	<ul style="list-style-type: none"> Painéil Faisnéise 	Portach Ardaithe	LON 000937
Ionad Cuairteoirí Chonair na Coirre Léithe, Caonach, An Longfort.	<ul style="list-style-type: none"> Ionad Cuairteoirí Carrchlós 	<ul style="list-style-type: none"> Painéil Faisnéise 	Portach Ardaithe	níl
Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaráí, An Bhuarach, Co Uíbh Fháilí.	<ul style="list-style-type: none"> Ionad Cuairteoirí Leithris Phoiblí Café Láthair Phicnicí Carrchlós 	<ul style="list-style-type: none"> Turais 		níl
Páirc Oidhreacht na Loilí Móire, Co. Chill Dara.	<ul style="list-style-type: none"> Ionad Cuairteoirí Clós súgartha 	<ul style="list-style-type: none"> Faisnéis maidir le Tailte Móna 	Portach Ardaithe	níl

	<ul style="list-style-type: none"> • Turas traenach • Clárchosán 			
Bog of Allen Nature Reserve, Lullymore, Co. Kildare.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Carrchlós • Leithris • Láthair Picnicí 	<ul style="list-style-type: none"> • Modúil oideachais a bhfuil nasc acu leis an gcúraclam • Intreoir maidir le tailte móna • Cláir Phobail dírithe ar na tailte móna • Oifigeach Oideachais ag reáchtáil ceardlann ar fud na tíre 	Portach Ardaithe	níl
Portach Lodge, An Loilíoch Mhór, Co. Chill Dara.	<ul style="list-style-type: none"> • Clárchosán 	<ul style="list-style-type: none"> • Painéil Faisnéise 	Portach Ardaithe	níl
Portach Fhionnúrach, Fionnúr, Co. Phort Láirge.	<ul style="list-style-type: none"> • Clárchosán 	<ul style="list-style-type: none"> • Painéil Faisnéise 	Eanach Alcaileach	Anaclann Nádúir
Ionad Cuairteoirí Phortach Chlóirthigh, Clóirtheach, Co. Uíbh Fháilí.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Áiseanna Páirceála • Leithris • Clárchosán 	<ul style="list-style-type: none"> • Taispeántas idirghníomhach ilmheán • Áiseanna closamhairc • Painéil Faisnéise 	Portach Ardaithe	LCS 000572 agus Anaclann Nádúir
Páirc Náisiúnta Chonamara, Conamara, Co. na Gaillimhe.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Páirceáil • Leithris • Clárchosán • Café • Láthair Picnicí 	<ul style="list-style-type: none"> • Taispeántas ar Thailte Móna • Cláir oideachais 	Bratphortach	LCS 002031
Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha, Gleann Bheatha, Co. Dhún na nGall.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Páirceáil • Leithris 	<ul style="list-style-type: none"> • Painéil Faisnéise • Cláir oideachais 	Bratphortach	LCS 002047

	<ul style="list-style-type: none"> • Clárchosáin • Cáfe • Láthair Picnicí 			
Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin, Gleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Páirceáil • Leithris • Clárchosáin • Café • Láthair Picnicí 	<ul style="list-style-type: none"> • Painéil Faisnéise • Cláir oideachais 	Bratphortach	LCS 002122
Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich, Baile Chruaich, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Páirceáil • Leithris • Clárchosáin • Café • Láthair Picnicí 	<ul style="list-style-type: none"> • Painéil Faisnéise • Cláir oideachais 	Bratphortach	LCS 000534
Páirc Náisiúnta Chill Airne, Cill Airne, Co. Chiarraí.	<ul style="list-style-type: none"> • Ionad Cuairteoirí • Páirceáil • Leithris • Clárchosáin • Café • Láthair Picnicí 	<ul style="list-style-type: none"> • Cláir oideachais 	Bratphortach	LCS 000365

Tionscnaimh Taighde an GCC

Tionscadail Taighde arna Maoiniú ag an GCC (ar bhonn leanúnach):

2014-CCRP-MS.20: Measúnú Leochaileachta ar Thailte Móna: scrúdú ar tionchair agus roghanna oiriúnaithe maidir leis an athrú aeráide - faoi stiúir an Dr Florence Renou-Wilson (COBÁC) - tréimhse 20 mí - costas iomlán €150,504.80.

Dáta tosaithe: 02/01/2015- Dáta críochnaithe: 31/07/2017- tréimhse 30 Mí-

Achoimre:

Tá sé d'aidhm ag an staidéar seo tuiscint níos fearr a fhorbairt i measc páirtithe leasmhara i dtaca leis an leochaileacht (sochorraitheacht, nochtadh agus teacht aniar) is dealraithe a bheith ag tailte móna i dtaca leis an athrú aeráide (de réir a chéile agus foircneach) i gcomhthéacs na n-athruithe reatha in úsáid talún in Éirinn. Is tábhachtach an rud é leochaileacht a thuiscint chun gur féidir riachtanais oiriúnaithe a shainaithint agus rannchuidíonn sé le pleanáil a dhéanamh maidir le hoiriúnú, rud atá ríthábhachtach chun roghanna i dtaca leis an athrú aeráide a bhrú chun cinn. Rinneadh imscrúdú ar an acmhainneacht leochaileachta agus oiriúnaithe atá ag príomhfheidhmeanna éiceachórais na dtailte móna agus na meicníochtaí aischothaithe a d'fhéadfadh a bheith acu thar raon cineálacha agus cur chuige bainistíochta talún móna. Trí shamhlacha éicihidreolaíocha agus bithgheoiceimiceacha a úsáid in éineacht a chéile, rinne foireann an tionscadail scrúdú ar an tionchar a bhíonn ag athruithe in athróa aeráide amhail teocht agus taisleach ar na gnéithe sláinte seo a leanas de thalamh móna: hidreolaíocht; fásra agus cothromaíocht carbóin. Rinneadh anailís ar shochar costas ar straitéisí idirghabhála a sainaitníodh d'fhonn tuilleadh eolais a thabhairt do chinnteoirí maidir le beartú tosaíochta agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Déanfar an anailís thuas a chomhtháthú le hathbhreithniú nuashonraithe ar nochtadh talún móna i dtaca le úsáid reatha agus tuartha talún agus brúanna aeráide. De thoradh an mheasúnaithe

chomhtháite leochaileachta sin soláthrófar eolas maidir le cé acu na tailte móna arb iad is dóichí a bheith níos leochailí nó arb iontu an teacht aniar is mó de bharr teaghlaim strusairí.

2014-NC-MS-2: Creat chun athchóiriú a dhéanamh ar thailte móna díghrádaithe - faoi stiúir an Ollaimh Laurence Gill (CTBÁC) - tréimhse 36 mhí

-

Dáta tosaithe: 01/04/2015- Dáta críochnaithe: 30/03/2018- tréimhse 36 Mí-

Achoimre:

Is é príomhchuspóir an taighde atá beartaithe ná creat a fhorbairt ina leagtar amach an mhodheolaíocht agus na gníomhartha ar gá tabhair futhu agus iarracht á déanamh éiceachórais talún móna a athchóiriú chun go mbeidh dálaí gníomhacha ginte móna iontu arís. Tá an taighde seo dírithe go príomha ar chainníochtú a dhéanamh ar na dálaí hidreolaíocha is gá chun an fásra a cheadaíonn foirmiú móna agus ceapadh carbóin a choinneáil. Agus an t-eolas seo á úsáid, i dteannta sonraí éicolaíochta agus gáis cheaptha teasa, measfaidh an creat athchóirithe an raon seirbhísí éiceachórais ar féidir le típeolaíochtaí talúna móna iad a sholáthar, na modhanna agus tairsí hidreolaíochta a sholáthraíonn na seirbhísí sin agus an tionchar a bhíonn ag brúanna ar fheidhmiú éiceachórais. Bunófar beartú tosaíochta suíomhanna a d'fhéadfaí a roghnú chun athchóiriú a dhéanamh orthu ar mheasúnú i dtaca le luach na seirbhísí féideartha éiceachórais agus le praiticiúlachtaí innealtóireachta an fheabhsúcháin.

Rinneadh léirbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht ar an ábhar agus cuireadh isteach i mí Feabhra 2017 é agus leagadh síos ann na gnéithe uile de litríocht na dtailte móna a bhí ábhartha d'aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail. Is ar obair thaighde na hÉireann a bhí an t-athbhreithniú le bheith dírithe ar dtuairisc ach ba ghá léirbhreithniú níos leithne ar thaighde idirnáisiúnta a dhéanamh

chun aghaidh a thabhairt mar ba cheart ar staid reatha an eolais i dtaca le feidhmiúlacht agus bainistiú talún móna.

Cé go bhfuil sé seanbhunaithe faoin am seo go n-astaíonn tailte móna díghrádaithe toirt shubstainteach dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar, tá feasacht níos mó anois ann go bhfuil méid na gcaillteanas carbóin in uiscebhealaí nach mór chomh suntasach céanna. Níl laghdú sa chaillteanas seo, mar aon le hastaíochtaí dromchla, a tharlaíonn de thoradh na hoibre athchóirithe, á chur san áireamh i gcinntí maidir le húsáid talún nó i mbeartais agus costáil chomhshaoil. Is deis í seo, mar sin, aghaidh a thabhairt ar an gcaillteanas seo chun an obair athchóirithe a dhlísteanú tuilleadh, go háirithe i suíomhanna neamh-shainithe talún móna agus chun cur leis an bhfardal náisiúnta um thuairisciú carbóin.

2015-CCRP-MS.30: AUGER: airíonna talún móna a imríonn tionchar ar Astaíochtaí agus Baint Gáis Cheaptha Teasa -faoi stiúir an Dr Florence Renou-Wilson (COBÁC) - tréimhse 36 mhí - costas iomlán €299,955.90-

Dáta tosaithe: 01/04/2016- Dáta críochnaithe: 01/04/2019- Tréimhse 36 mhí -

Achoimre:

Tá floscanna Gáis Cheaptha Teasa (GCT) i dtailte móna athraitheach ó thaobh spáis agus ama agus tá siad an-leochaileach i dtaca le corraíolacha nádúrtha agus antrapaigineacha. Rinneadh athrú éigin ar bhreis agus 80% de thailte móna Phoblacht na hÉireann agus braitheann an lorg aeráide atá acu go mór ar an mbainistiú a dhéantar orthu. Go ginearálta, is glanlinnte do dhé-ocsaíd charbóin agus foinsí meatáin iad tailte móna nach bhfuil millte. Má tharlaíonn athrú san úsáid talún, áfach, tarlaíonn athruithe radacacha i méid agus i dtreo na bhfloscanna sin, agus is raon athróg (m.sh. hidreolaíocht, fásra, airíonna ithreach etc.) a spreagann na hathruithe sin. Sa taighde seo:

- ✓ déanfar athbhreithniú ar an ngá le hacmhainní ar shuíomhanna tailte móna chun faireachán a dhéanamh ar stoc C agus flosc GCT,

- ✓ déanfar athbhreithniú ar shamhlacha/uirlisí reatha a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar stádas talún móna agus an tábhacht a bhaineann le hairíonna agus bainistíocht i dtaca le samhaltú astaíochtaí GCT,
- ✓ déanfar cineálacha talún móna agus airíonna ithreach/éiceachórais lena mbaineann a thréithriú, déanfar easnaimh eolais a d'fhéadfadh a bheith ann a shainathint le suirbhé náisúnta talún móna i dtaca le paraiméadair fhisiceacha, cheimiceacha agus éiceolaíochta na dtailte móna agus na n-ithreacha móna (agus dála foriomlán measúnaithe),
- ✓ tacófar le breathnóireacht allamuigh agus samhaltú astaíochta/bainte GCT atá ar bun ag dhá phríomhshuíomh talún móna agus
- ✓ samhaltófar tionchair antrapaigineacha ar astaíochtaí/baint GCT trí shamhail ECOSSE a fhorbairt.

2015-NC-MS-5: Cainníochtú seirbhísí éiceachórais na mbratphortach i dtaca le huisce (QUBBES) - faoi stiúir an Dr Raymond Flynn (OBB) - tréimhse 36 mhí - costas iomlán €330,820.46

Dáta tosaithe: 01/04/2016- Dáta críochnaithe 31/07/2019- tréimhse 40 Mí-

Tá bratphortaigh faoi bhun limistéir ollmhóir d'Éirinn agus tugann siad rannchuidiú tábhachtach do chaipiteal nádúrtha na tíre. Cé gurb anaclanna bithéagsúlachta tábhachtacha iad, bíonn tionchar acu ar chaighdeán uisce agus ar phróisis hidreolaíochta freisin. Níl cainníochtú ceart déanta ar an nasc idir seirbhísí éiceachórais na mbratphortach agus uisce go fóill, áfach. Is é aidhm an taighde atá beartaithe samhlacha uimhriúla a fhorbairt a dhéanfaidh nasc idir próisis éicidreolaíochta a fheidhmíonn laistigh de phortaigh agus sreabh agus caighdeán uisce an screamhuisce. Cuirfear bonn faoi fhorbairt na samhlacha le faireachán ardaifeach comhtháite ar dhobharcheantair i gceantair bhratphortaigh a bhfuil úsáid chodarsnach á mbaint astu, ó shuíomhanna slána go suíomhanna a ndearnadh athrú orthu le gníomhaíocht

daonna, lena n-áirítear suíomhanna ina bhfuil fásra bratphortaigh á athchóiriú. Nuair a dhéanfar samhaltú comhtháite hidreolaíoch, ag tarraingt ar aschuir ó shamhlacha éicihidreolaíocha agus samhlacha rith chun srutha báistí atá bunaithe ar chórais faisnéise geografaí a chur in éineacht le hascuid staidéar allamuigh, saineofar limisteir ríthábhachtacha foinse arb orthu is fearr bearta caomhantais agus athchóirithe a dhíriú. Le hascuid ardaifeacha chainníochtúla ó shamhaltú ceadófar anailís eacnamaíoch ar thionchar na ngníomhaíochtaí codarsnacha úsáide talún i dtéarmaí coireáil uisce agus cosaint ar thuilte. Le cur chun feidhme an chuir chuige i dtaca le suíomhanna neamhthomhaiste trí úsáid a bhaint as tacair sonraí atá ar fáil go náisiúnta, saineofar an mhúinín lena bhféadfar an cur chuige a chur chun feidhme ar fud na tíre.

Tionscadail Taighde arna maoiniú ag an GCC atá ag céim na tuarascála deiridh/geall le bheith críochnaithe:

2012-CCRP-MS.9: Suirbhé ar astaíocht GCT agus féidearthacht linne na mbrat-thailte móna gníomhacha agus díghrádaithe in Éirinn - faoi stiúir an Ollaimh Gerard Kiely (COC) - tréimhse 24 mhí - costas iomlán €79,991.30

Dáta tosaithe: 01/01/2013- Dáta críochnaithe: 31/12/2014- tréimhse 24 Mí-

Achoimre:

Sa taighde seo rinneadh suirbhé chun méid na mbrat-thailte móna gníomhacha agus díghrádaithe in Éirinn a shainiú agus chun tomhais flosca GCT a ghlacadh ag brat-thalamh móna nach bhfuil millte ag Gleann Chárthaigh, Contae Chiarraí agus ag dhá bhrat-thalamh móna atá díghrádaithe ar bhealaí difriúla i gContae Chiarraí. Áiríodh go háirithe sa taighde:

Tá Bratphortach Atlantach nach bhfuil millte suite i nGleann Chárthaigh, Contae Chiarraí. I samhradh na bliana 2002, thóg an Grúpa Taighde Hydromet in COC an chéad Túr Flosca Comhathraithis Guairneáin in Éirinn

chun foscanna CO₂, CH₄ agus carbóin orgánaigh thuaslagtha a thomhas. Tá an obair ar bun i gcónaí agus tuairiscíonn an taighde ar thomhais thar tréimhse 10 mbliana. Do na 10 mbliana, ó 2003 go 2011, ba é raon an fhlosca bhliantúil CO₂, ar a dtugtar an Glanmhalartú Éiceachórais (NEE) ó -0.32 go -0.79 IC-CO₂/ha/bl agus ba é -0.5 IC-CO₂/ha/bl (i.e. mar iontógáil nó linn) an meán bliantúil . Do na 6 bliana ó 2003 go 2008, ba é raon an fhlosca bhliantúil CH₄ ó +0.036 go +0.046 IC-CH₄/ha/bl agus ba é +0.041 IC-CH₄/ha/bl (i.e. mar fhoinsé) an meán bliantúil . Do na 6 bliana ó 2003 go 2008, ba é raon an fhlosca bhliantúil carbóin orgánaigh thuaslagtha ó +0.131 go +0.165 IC-CH₄/ha/bl agus ba é +0.140 IC/ha/bl (i.e. mar fhoinsé) an meán bliantúil. Nuair a suimíodh na trí chomhábhar den bhuiséad carbóin thar sé bliana, fuarthas amach gur linn charbóin an suíomh sa raon -0.241 go -0.656 IC/ha/bl i gcás ceithre de na sé bliana agus gurb ionann an méid agus +0.028 agus +0.086 IC/ha/bl sa dhá bhliain foinse. Ba é -0.297IC/ha/bl an meán iontógála carbóin thar sé bliana ag Gleann Chárthaigh i gcomparáid le -0.215IC/ha/bl ag Mer Bleu (Ceanada) agus le -0.271IC/ha/bl ag Degero Stormyr (an tSualainn).

I gcodarsnacht le héiceachórais eile, tá NEE ~-0.5IC-CO₂/ha/bl ag an mbratphortach seo i gcomparáid le NEE i bhféarthailte na hÉireann de ~3IC-CO₂/ha/bl agus NEE i bhforaoiseacht na hÉireann de 10IC-CO₂/ha/bl. Chun cosaint na mbrat-thailte móna nach bhfuil millte a chumasú, ní mór tuiscint níos fearr a fháil ar dhinimicí na gcomhábhar atá sa bhuiséad carbóin d'fhonn tionchair a bheidh ag an athrú aeráide amach anseo a shamhaltú.

2012-CCRP-PhD.2: Comharduithe gáis cheaptha teasa i bhforaoisí talún móna athfhliuctha - faoi stiúir an Dr Kenneth Byrne (OL) - tréimhse 36 mhí - costas iomlán €73,499-

Dáta tosaithe: 01/01/2013- dáta críochnaithe: 31/12/2016- tréimhse 36 Mí-

Achoimre:

Is linnte tábhachta carbóin (C) iad tailte móna nádúrtha agus tá siad ríthábhacht don timthriall domhanda C. Cé nach gclúdaíonn siad ach 3% de mhórchríoch an domhain, tá an méid céanna C á stóráil acu agus atá ag bithmhais uile an domhain. Athraítear an hidreolaíocht agus frithghníomhuithe ceimiceacha sna tailte móna de thoradh ar dhraenáil don fhoraoiseacht, agus déantar foinsí carbóin dé-ocsaíde (CO₂) agus ocsaíde nítriúla as linnte a bhíodh ann agus laghdaítear astaíochtaí meatáin (CH₄). Meastar gurb uirlis thábhachtach é an t-athfhliuchadh i dtaca le hathrú aeráide a mhaolú agus úsáidtear é in éineacht le huirlisí bainistíochta eile amhail Sfagnam a thabhairt isteach chun feidhm linne a thabhairt ar ais do na tailte móna agus dálaí ginte móna a athbhunú i dtailte móna díghrádaithe.

Ba é an chéad aidhm a bhí ag an staidéir seo ná imscrúdú a dhéanamh ar na rialuithe ar dhinimicí CO₂, CH₄ agus N₂O i ndá shuíomh foraoise in Éirinn ar thalamh móna iad tráth dá raibh agus a ndearnadh iad a athfhliuchadh; brat-thalamh móna ceann díobh ocht mbliana i ndiaidh athfhliuchadh a bheith déanta air (Poll an Ghamhna) agus talamh móna ardaithe an ceann eile trí bliana i ndiaidh athfhliuchadh a bheith déanamh air (An Scotha Bhuí); agus comharduithe gáis cheaptha teasa bliantúla a tháirgeadh don dá thalamh móna agus iad a chur i gcomparáid le córais nádúrtha agus fhoraoisithe. Ba é an dara haidhm ná airíonna ceimiceacha agus fisiceacha tailte móna nádúrtha a ndearnadh draenáil agus athfhliuchadh orthu a chur i gcomparáid lena chéile chun measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag draenáil agus athfhliuchadh ina dhiaidh sin ar airíonna talún móna. Baineadh leas as an modh cuasáin chun floscanna gáis a thomhas. Bunaíodh micreashuíomhanna ina raibh an fásra ceannasach ag suíomh an staidéir agus táirgeadh comharduithe gáis le haghaidh aon bhliana amháin.

2012-B-MS-9: Astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus féidearthacht linne thailte móna na hÉireann- costas iomlán- €285,108.54

Dáta tosaithe: 01/01/2013- Dáta críochnaithe: 30/06/2015 –Tréimhse 24 Mhí-
Tuarascáil deiridh faoi athbhreithniú-

Achoimre:

Tá tosaíocht ag tailte móna nádúrtha ó thaobh caomhnú na bithéagsúlachta de mar go mbíonn speicis agus gnáthóga a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo ag brath ar na dálaí báite iontu. Is é is aidhm le hathfhliuchadh tailte móna draenáilte agus ithreacha orgánacha ná na dálaí seo a thabhairt ar ais agus an córas a stiúradh ar bhealach go mbeidh na leibhéil bithéagsúlachta ar saintréithe de thailte móna nádúrtha ar fáil iontu. Ina theannta sin, ba cheart go gcabhródh úsáid talún na dtailte móna agus na n-ithreacha orgánacha amach anseo astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, rud a bheidh i gcomhréir le coinbhinsiúin maidir le hathrú aeráide agus le héilimh inbhuanaitheachta (Renou-Wilson et al. 2011).

Tugann an taighde seo eolas maidir le bainistiú inbhuanaithe a sheachadadh ar cheann de na hacmhainní nádúrtha deireannacha atá fágtha in Éirinn, mar a bhíodhas ag súil leis sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna, agus éascaíonn sé freisin na riachtanais dlí faoi go leor Treoracha de chuid an Aontais Eorpaigh (AE), go háirithe: An Treoir maidir le Gnáthóga, An Treoir maidir le hÉin

An Chreat-Threoir Uisce, An Treoir maidir le Tírdhreach agus cuidíonn sé le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú freisin.

Déanann an taighde seo cur síos ar staidéar allamuigh a rinne cainníochtú ar an tairbhe a bhaineann le bithéagsúlacht agus maolú aeráide araon (i.e. floscanna gháis cheaptha teasa) thar líonra catagóirí úsáide talún tailte móna athfhliuctha (NEROS). Ba iad na catagóirí úsáide talún a ndearnadh faireachán orthu ná foraoisiú (ar ithreacha lagchothaitheacha), féarthailte agus baint móna (portaigh réitithe teaghlaigh agus lagphortaigh thionsclaíocha ar ithreacha lagchothaitheacha agus ilchothaitheacha). Rinneadh faireachán ar shuíomhanna draenáilte freisin ar mhaithe le comparáid a dhéanamh leo.

Tionscadail Taighde arna maoiniú ag an GCC a bhfuil tús le cur leo:

2016-W-LS-13: Éiciméadracht - Dálaí tacaithe comhshaoil le haghaidh Éiceachorais an Domhain atá ag Brath ar Screamhuisce - faoi stiúir an Ollaimh Laurence Gill (CTBÁC) - tréimhse 36 mhí - costas iomlán thart ar €500,000-

Dáta tosaithe: 31/03/2017- Dáta críochnaithe: 31/03/2020- tréimhse 36 Mí-

Achoimre:

Is réamhriachtanas chun measúnú a dhéanamh faoi phróiseas tréithrithe na Creat-Treorach Uisce iad méadrachtaí dála tacaithe comhshaoil le haghaidh dobharlaigh a thacaíonn le hÉiceachórais an Domhain atá ag Brath ar Screamhuisce (GWDTE). Féadfaidh na méadrachtaí sin baint a bheith acu le caighdeán nó le méid an screamhuisce ar a mbraitheann éiceolaíocht an GWDTE agus cuirtear chun feidhme iad sa bhunscreamhuisce. Féadfar na méadrachtaí a úsáid freisin mar mheicníocht chun an screamhuisce a thacaíonn leis na GWDTE sin a scagadh d'fhonn a fháil amach an bhfuil riosca ann go sáróidh an screamhuisce cuspóirí na Creat-Treorach Uisce. Is é aidhm an taighde, mar sin, méadrachtaí cuí a shainaithe do na GWDTE ar leith - eanaigh, portaigh ardaithe agus turlaigh. Déanfar na sonraí geospásúla reatha a chomhthiomsú chun dréacht-tacar sonraí tosaigh “féideartha” GWDTE a dhréachtadh do thurlaigh, portaigh ardaithe agus eanaigh a chuideoidh le bonn a chur faoi chlár náisiúnta a chuirfead ar bun amach anseo. Cuirfead leis an méid sin le gníomhaíochtaí a bhainfidh leas as teicnící cianbhraiteacha chun tuilleadh GWDTEanna a aithint. Díreofar meascán de shonraí reatha agus breis staidéir allamuigh, más gá, ar phortaigh ardaithe, ar thurlaigh agus ar eanaigh faoi seach tríd na méadrachtaí cuí a thréithríonn na dálaí tacaithe comhshaoil do na bogaigh sin a shainaithe. Déanfar na méadrachtaí sin a thástáil ar na bogaigh arís ansin.

Críoch